

EBA/GL/2021/12

---

11 Samhain 2021

---

## Treoirlínte

---

Maidir le modheolaíocht mheasúnaithe chomhchoiteann um údarú mar institiúid creidmheasa a dheonú faoi Airteagal 8(5) de Threoir 2013/36/AE

# 1. Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

---

## Stádas na dTreoirínte seo

1. Tá Treoirínte sa doiciméad seo a eisíodh de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.<sup>1</sup> De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údarás inniúla agus d'institiúidí airgeadais gach iarracht a dhéanamh na Treoirínte a chomhlíonadh.
2. I dtreoirínte, leagtar amach tuairim an ÚBE maidir le cleachtais mhaoirseachta iomchuí laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais nó maidir leis an gcaoi ar cheart dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i réimse ar leith. Ba cheart d'údarás inniúla mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ina bhfuil feidhm ag Treoirínte, comhlíonadh trí na Treoirínte a ionchorprú ina gcleachtais mar is iomchuí (e.g. trína gcreat dlíthiúil nó trína bpróisis mhaoirseachta a leasú), agus lena n-áirítear, i gcás ina bhfuil na Treoirínte dírithe go príomha ar institiúidí.

## Ceanglais tuairiscithe

3. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údarás inniúla fógra a thabhairt don ÚBE maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil na Treoirínte seo á gcomhlíonadh acu, nó cibé an bhfuil nó nach bhfuil sé ar intinn acu iad a chomhlíonadh, nó cúiseanna le neamhchomhlíonadh a sholáthar ar shlí eile faoi 08.04.2022. In éagmais aon fhógra faoin spriocdháta seo, measfaidh an ÚBE go bhfuil údarás inniúla neamhchomhlíontach. Ba chóir fógraí a sheoladh, tríd an bhfoirm atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an ÚBE a chur isteach, chuig [compliance@eba.europa.eu](mailto:compliance@eba.europa.eu) leis an tagairt 'ÚBE/GL/2021/12'. Ba cheart go mbeadh fógraí curtha isteach ag daoine a bhfuil údarás cuí acu comhlíonadh a thuirisciú thar ceann a n-údarás inniúil. Ní mór aon athrú ar stádas an chomhlíonta a thuirisciú don ÚBE chomh maith.
4. Foilseofar fógraí ar shuíomh gréasáin an ÚBE, de réir Airteagal 16(3).

---

<sup>1</sup>Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

## 2. Ábhar, raon feidhme agus sainmhíithe

---

### Ábhar

- Sna Treoirlínte seo, sonraítear modheolaíocht mheasúnaithe chomhchoiteann ('CAM') um údaruithe a dheonú de réir Threoir 2013/36/AE ('CRD'), de bhun an tsainordaithe a thugtar don EBA le hAirteagal 8(5) den Treoir sin arna leasú le Treoir (AE) 2019/878.

### Raon feidhme an chur i bhfeidhm

- Tá feidhm ag na Treoirlínte seo maidir le gach cás nach mór d'údaráis inniúla, de réir Threoir 2013/36/AE, arna leasú ina dhiaidh sin, measúnú a dhéanamh ar dheonú údarú mar institiúid creidmheasa - arna shainiú i litreacha (a) agus (b) de phointe (1) d'Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 <sup>2</sup>('CRR').

### Seolaithe

- Tá na Treoirlínte seo dírithe ar údaráis inniúla mar a shainmhínítear in Airteagal 4(2)(i) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

### Sainmhíithe

- Mura sonraítear a mhalairt, tá an bhrí chéanna le téarmaí sna Treoirlínte, agus mar atá le téarmaí a úsáidtear agus a shainmhínítear sa CRR, sa CRD, i Rialachán 2019/2033<sup>3</sup> maidir le rialáil stuamachta gnólachtaí infheistíochta agus i dTreoir 2019/2034<sup>4</sup> maidir le maoirseacht a dhéanamh ar ghnólachtaí infheistíochta.

- Ina theannta sin, chun críocha na dTreoirlínte seo, tá feidhm ag na sainmhíithe seo a leanas:

<b>Maoirseoir AML/CFT</b>	Údarás inniúil mar a shainmhínítear é in Airteagal 4(2)(iii) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010
<b>CAM</b>	Modheolaíocht mheasúnaithe chomhchoiteann

<sup>2</sup> Arna leasú ag Rialachán 2019/2033/AE maidir le rialáil stuamachta gnólachtaí infheistíochta.

<sup>3</sup> Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir leis na ceanglais stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 575/2013, (AE) Uimh. 600/2014 agus (AE) Uimh. 806/2014

<sup>4</sup> Treoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le maoirseacht stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoracha 2002/87/CE, 2009/65/CE, 2011/61/AE, 2013/36/AE, 2014/59/AE agus 2014/65/AE

## 3. Cur chun feidhme

---

### An dáta iarratais

10. Tá feidhm ag na Treoirí seo ó 08.04.2022.

## 4. Prionsabail ghinearálta

---

### 4.1 Modheolaíocht mheasúnaithe chomhchoiteann

11. Ba cheart d'údaráis inniúla a chinntiú, chun críocha údarú mar institiúid creidmheasa a dheonú, mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1) de CRR, go gcuireann siad i bhfeidhm an mhodheolaíocht mheasúnaithe chomhchoiteann ('CAM') a leagtar amach sna Treoirí seo.
12. Sa CAM leagtar síos na critéir agus na modhanna ar cheart d'údaráis inniúla a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar na comhcheanglais a leagtar amach in Airteagail 10 go 14 de Threoir 2013/36/AE maidir le húdarú mar institiúid creidmheasa a dheonú,.
13. Chun críocha na dTreoirí seo, tá riosca ML/TF san áireamh i dtagairtí do riosca. Dá bhrí sin, ba cheart d'údaráis inniúla gnéithe a bhaineann le AML/CFT a mheas ar bhealach cuimsitheach chun críocha an t-údarú a dheonú. Chuige sin, ba cheart d'údaráis inniúla comhoibriú leis an maoirseoir AML/CFT ábhartha agus le comhlachtaí poiblí ábhartha eile de réir mar is cúil i gcomhréir le hAirteagal 117 (5) de Threoir 2013/36/AE.<sup>5</sup>
14. D'fhonn a chinntiú go bhfuil an measúnú ar dheonú an údaraithe bunaithe ar fhaisnéis iontaoifa, ba cheart d'údaráis inniúla athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis agus na doiciméid a chuirtear isteach leis an iarratas de bhun an RTS *maidir le faisnéis le haghaidh údaraithe*, i bhfianaise riachtanas maidir le fírinne, soiléireacht, beachtas, iomláine agus a bheith cothrom le dáta, agus d'fhonn bainistíocht fhóna stuama na hinstitiúide a chinntiú. De bhun Airteagal 10(2) den RTS *maidir le faisnéis le haghaidh údaraithe*, féadfaidh údaráis inniúla a cheangal ar an iarratasóir faisnéis fhorlíontach nó mínithe breise a sholáthar.
15. Tá an CAM neodrach ó thaobh teicneolaíochta de agus báuil don nuálaíocht, agus dá bhrí sin cumhdaítear leis institiúidí creidmheasa iarrthacha leis na samhla gno go léir, idir shamhla gno traidisiúnta agus nuálacha agus/nó sásraí seachadta agus, ag an am céanna, nach bhforchuirtear leis ceanglais chun teicneolaíochtaí ar leith a úsáid nó struchtúir áirithe a ghlacadh. Dá bhrí sin, ní chuirtear bac ar theacht chun cinn teicneolaíochtaí nua nó samhla gno nuálacha ná ar a méadú de réir scála. Dá réir sin, níor cheart go mb'fhearr le húdaráis inniúla teicneolaíocht shonrach a ghlacadh nó a chosc, ná níor cheart go mbeadh sé de rogha acu dochar a dhéanamh do shamhail nó do sheirbhís ghnó ar leith i gcomhthéacs measúnú an iarratais. Tá sé seo gan dochar don ghá a chinntiú nach féidir leis an tsamhail ghnó nó leis an sásra seachadta a bheith ina bac nó ina bhac ar mhaoirseacht éifeachtach na n-údarás inniúil.

---

<sup>5</sup>Go háirithe Treoirí an ÚBE maidir le comhar agus maoirseacht faisnéise idir maoirseoirí stuamachta, maoirseoirí AML/CFT agus aonaid faisnéise airgeadais faoi Threoir 2013/36/AE. Tá an Páipéar Comhairliúcháin, EBA/CP/2021/21 an 27 Bealtaine 2021, ar fáil ar <https://www.eba.europa.eu/eba-consults-new-guidelines-cooperation-and-information-exchange-area-anti-money-laundering-and>

16. D'fhonn cothrom na féinne a chinntiú ar fud an Aontais Eorpaigh, níor cheart go mbeadh measúnú na n-údarás inniúil ach ina measúnú teicniúil amháin, agus ba cheart go léireodh sé rialáil stuamachta agus go mbeadh sé de réir Airteagal 11 de Threoir 2013/36/AE.

#### **4.1.1 Comhréireacht**

17. Ba cheart d'údarás inniúla an measúnú a dhéanamh ar dheonú an údaraithe de réir phrionsabal na comhréireachta mar a shonraítear sna Treoirlínte seo, d'fhonn a chinntiú go bhfuil an measúnú comhsheasmhach le próifíl riosca aonair agus samhail ghnó na hinstitiúide creidmheasa iarrthaí, ionas go mbainfear amach cuspóirí na gceanglas rialála go héifeachtach.
18. Chun na críche seo ba cheart d'údarás inniúla na critéir seo a leanas a chur san áireamh:
- a) méid ionchais chlár comhardaithe na hinstitiúide creidmheasa iarrthaí agus a chuid fochuideachtaí faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe stuamachta, de réir mar is infheidhme;
  - b) láithreacht gheografach ionchasach na hinstitiúide creidmheasa iarrthaí agus méid a hoibríochtaí i ngach dlínse;
  - c) foirm dhlíthiúil na hinstitiúide creidmheasa iarrthaí, lena n-áirítear cibé an bhfuil an institiúid creidmheasa mar chuid de ghrúpa nó nach bhfuil;
  - d) cibé an bhfuil an institiúid liostaithe nó nach bhfuil;
  - e) an cineál gníomhaíochta agus seirbhíse atá beartaithe ag an institiúid creidmheasa iarrthaí a dhéanamh (e.g. féach freisin Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Treoir 2013/36/AE agus Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Treoir 2014/65/AE);
  - f) an tsamhail ghnó (lena n-áirítear a carachtar nuálach, uathúlacht nó castacht) agus straitéis, chomh maith leis an leibhéal riosca réamh-mheasta a eascróidh as cur chun feidhme agus forghníomhú; cineál agus castacht na ngníomhaíochtaí gnó spriocdhírthe;
  - g) struchtúr eagrúcháin na hinstitiúide creidmheasa;
  - h) an straitéis riosca, inghlacthacht riosca agus próifíl riosca na hinstitiúide creidmheasa iarrthaí atá beartaithe;
  - i) struchtúr úinéireachta agus maoinithe na hinstitiúide creidmheasa iarrthaí;
  - j) cineál na gcliant (e.g. miondíol, corparáideach, institiúideach, gnóthaí beaga, eintitis phoiblí) agus castacht na dtáirgí nó na gconarthaí atá beartaithe;
  - k) na feidhmeanna seachfhoinsithe agus na bealaí dáilte atá beartaithe;
  - l) na córais teicneolaíochta faisnéise (TF) atá ann agus/nó atá beartaithe, lena n-áirítear córais leanúnachais agus feidhmeanna seachfhoinsithe sa réimse seo;

- m) cibé an mbaineann nó nach mbaineann an institiúid creidmheasa iarrthach le grúpa atá faoi réir mhairseacht chomhdhlúite an údaráis inniúil;
  - n) cibé an gcuireann nó nach gcuireann an institiúid creidmheasa iarrthach isteach iarratas ar ghníomhaíochtaí sonracha amháin, nó cibé an ndéanann nó nach ndéanann institiúid creidmheasa atá ann cheana iarratas ar leathnú ar raon feidhme an údaraithe aon uair a deonaíodh an t-údarú go heisiach chun gníomhaíochtaí sonracha a fheidhmiú;
  - o) an chomhsheasmhacht le cineál agus fairsinge na faisnéise a éilítear de bhun an *RTS maidir le faisnéis le haghaidh údaraithe*.
19. I gcás mír 18, litir m), agus i gcomhréir le hAirteagal 10(1) de *RTS maidir le faisnéis le haghaidh údaraithe*, ba cheart go gcuirfí san áireamh i ndéine an mheasúnaithe an t-eolas díreach atá ag an údarás inniúil - bunaithe ar fhaisnéis atá ar fáil dó - ar shamhail ghnó, próifíl riosca agus coinníollacha stuamachta, airgeadais, gnó agus oibríochta reatha na hinstitiúide creidmheasa iarrthaí nó an ghrúpa iarrthaigh.
20. I gcás mír 18, litir n), ar choinníoll nach n-athraítear go hábhartha cineál agus próifíl riosca na hinstitiúide creidmheasa leis an síneadh arna cur isteach, ba cheart go mbeadh teorainn ar raon feidhme mheasúnú na n-údarás inniúil agus ba cheart go mbeadh sé dírithe ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na gníomhaíochtaí breise nua ar an tsamhail ghnó fhoriomlán agus ar an gcumas cloí leis na ceanglais stuamachta, go háirithe maidir le bainistíocht fhóna stuama na hinstitiúide creidmheasa (lena n-áirítear, go háirithe, brabúsacht na línte gnó nua agus inbhuanaitheacht fhoriomlán an phlean gnó, oiriúnacht chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta ina fheidhm bhainistíochta nó mhairseachta, an creat rialaithe inmheánaigh agus córais TF). Ba cheart dó freisin an t-eolas díreach atá ag an údarás inniúil ar shamhail ghnó, ar phróifíl riosca agus ar dhálaí stuamachta, airgeadais, gnó agus oibríochta reatha na hinstitiúide creidmheasa a chur san áireamh.
21. Ní fhéadtar le prionsabal na comhréireachta arna chur i bhfeidhm ag na húdarás inniúla riamh an institiúid creidmheasa iarrthach a dhíolmhú ó chomhlíonadh aon cheanglas éigeantach maidir leis an údarú a dheonú.

## 4.2 Comhsheasmhacht agus leanúnachas idir an t-údarú agus an measúnú mairseachta ar ghnóthas leantach

22. De réir an CAM, ba cheart d'údarás inniúla an t-iarratas ar údarú mar institiúid creidmheasa a mheas go comhsheasmhach leis na ceanglais stuamachta agus na modheolaíochtaí measúnaithe mairseachta a chuirtear i bhfeidhm maidir le gnóthas leantach. Ba cheart dóibh cleachtais mheasúnaithe a sheachaint ina gcuirtear cineálacha cur chuige contrártha chun cinn idir na céimeanna éagsúla de shaolré na hinstitiúide creidmheasa.
23. Chun na críche seo, d'fhonn dúbailt agus neamhréireacht rialála a sheachaint, ba cheart na Treoirlínte seo a léamh i bhfianaise fhorálacha na ngníomhartha reachtacha dá dtagraítear in

Airteagal 1(2) den Rialachán lena mbunaítear an ÚBE, chomh maith leis na Gníomhartha Tarmilgthe agus Chur Chun Feidhme gaolmhara, RTS, ITS, Treoirlínte agus Moltaí, arna nglacadh faoi na gníomhartha reachtacha seo, atá ábhartha don CAM, agus tras-tagairt a dhéanamh dóibh nuair is iomchuí agus tráthúil.

24. Ba cheart go mbeadh measúnú na n-údarás inniúil dírithe ar bhainistíocht fhóna stuama na hinstiúide creidmheasa a chinntiú ar an gcéad lá dá rochtain ar an margadh.
25. D'fhonn a chinntiú go gcomhlíontar an cuspóir seo, níor cheart d'údarás inniúla an t-údarú a dheonú ach amháin nuair a bhíonn siad sásta go gcomhlíontar na ceanglais údaráithe go léir. Ina ainneoin sin, ba cheart d'údarás inniúla na coigeartuithe teicniúla agus oibríochta a d'fhéadfadh an instiúid chreidmheasa a bheith faoina réir le linn a céime bunaithe a chur san áireamh. D'fhonn a chinntiú go gcuirtear na cúinsí seo san áireamh go cuí, féadfaidh údarás inniúla réamhchoinníollacha agus/nó oibleagáidí ina dhiaidh sin nó srianta a chur i bhfeidhm, nó a n-ionchais maidir le réimsí sainiúla de bhéim mhaoirseachta a shoiléiriú de réir mhíreanna 26-29 thíos.
26. Féadfaidh údarás inniúla, dá rogha féin, réamhchoinníollacha agus/nó oibleagáidí a chur ar an instiúid creidmheasa iarrthach ina dhiaidh sin tráth eisiúint an údaráithe. Ba cheart go mbeadh forchur réamhchoinníollacha den sórt sin agus/nó oibleagáidí iardain den sórt sin faoi réir mheasúnú dearfach na n-údarás inniúil go gcomhlíontar go substaintiúil gach ceanglas chun an t-údarú a dheonú agus go bhfuil siad sásta leis an údarú a dheonú. D'fhonn soiléireacht agus cinnteacht dhlíthiúil a chinntiú, ba cheart d'údarás inniúla cur síos soiléir agus maith a dhéanamh ar réamhchoinníollacha den sórt sin agus/nó oibleagáidí iardain den sórt sin agus iad á gcur i bhfeidhm.
27. Ar bhonn comhsheasmhach le mír 26, ní fhéadfaidh údarás inniúla réamhchoinníollacha a chur i bhfeidhm a bhaineann le gnéithe foirmiúla agus neamhshuntasacha de cheanglais údaráithe, nach féidir leis an instiúid creidmheasa iarrthach a chomhlíonadh i gcleachtas ach amháin tar éis measúnú dearfach a bheith déanta ag an údarás inniúil ar chomhlíonadh substaintiúil na gceanglas um údarú. Mar shampla, d'fhéadfadh go n-áireofaí le gnéithe foirmiúla nó neamhshuntasacha de na ceanglais údaráithe, ag brath ar na cúinsí, tíolacadh de phíosa doiciméad ar ghlac an t-iarratasóir go foirmiúil, nó bailchríoch foirmiúil de nós imeachta atá inmheánach don iarratasóir, nó tástálacha córais TFC chun a bhfeidhmiú iomlán i gcleachtas a sheiceáil.
28. De réir na gceanglas agus na dteorainneacha atá leagtha amach i míreanna 26 agus 27, féadfaidh na húdarás inniúla réamhchoinníollacha a cheangal leis an údarú i ndáil le hábhair trína gceanglaítear ar an iarratasóir nó ar an eintiteas gníomh a dhéanamh nó staonadh ó ghníomh sula dtiocfaidh an t-údarú i bhfeidhm. Ba cheart d'údarás inniúla spríodhata le haghaidh comhlíonta a leagan amach agus a chur in iúl go soiléir nach dtiocfaidh an t-údarú i bhfeidhm ach amháin tar éis don choinníoll a bheith comhlíonta. Fad nach gcomhlíontar an coinníoll, ní féidir leis an instiúid creidmheasa iarrthach gníomhaíochtaí baincéireachta a dhéanamh nó an t-ainm 'banc', 'banc taisce' nó ainmneacha baincéireachta eile a úsáid.



29. Ar bhonn comhsheasmhach le mír 26, féadfaidh údaráis inniúla oibleagáidí iardain a fhorchur ar an institiúid creidmheasa iarrthach d'fhonn déileáil le hábhair a tharlóidh tar éis don údarú a bheith deonaithe. Ní fhéadfaidh na húdaráis inniúla oibleagáidí iardain den sórt sin a fhorchur, in ainneoin gur chomhlíon an institiúid creidmheasa iarrthach go substaintiúil na ceanglais údaraithe go léir, ach amháin i gcás go bhfuil údar leis an ngá le faireachán agus forfheidhmiú sonracha a dhéanamh ar chomhlíonadh ceann amháin nó níos mó díobh ar bhonn leanúnach. Dá réir sin, ba cheart d'údaráis inniúla a shoiléiriú, cé nach bhféadfaidh go mbeadh eisiúint tosaigh an údaraithe neamhéifeachtach de bharr mainneachtain oibleagáid a chomhlíonadh per se, ba cheart go dtabharfaí aghaidh ar a neamhchomhlíonadh le huirlisí maoirseachta nó go gcuirfí bearta forfheidhmithe agus/nó smachtbhannaí i bhfeidhm dá bharr. Mar shampla, is féidir oibleagáidí a fhorchur i ndáil le hábhair a mheastar a bheith ina mbearta chur chun feidhme den údarú, mar shampla oibleagáidí tuairiscithe nó a chinntiú go léiríonn baill den chomhlacht bainistíochta eolas sonracha leordhóthanach (e.g. tabhairt faoi oiliúint).
30. Gan dochar do chomhlíonadh na gceanglas uile maidir le húdarú ag an institiúid creidmheasa iarrthach, agus faoi réir an mheasúnaithe dhearfaigh maidir le deonú an údaraithe, féadfaidh údaráis inniúla, dá rogha féin, - tráth eisiúna an údaraithe - srianta a fhorchur ar raon feidhme roinnt gníomhaíochtaí nó iad go léir a údarófar don institiúid creidmheasa a dhéanamh. Féadfaidh údaráis inniúla srianta a fhorchur ar roinnt gníomhaíochtaí baincéireachta de chuid na hinstiúide creidmheasa iarrthaí, nó orthu go léir, sa doiciméad údaraithe céanna nó ar leithligh uaidh. Féadfaidh an institiúid creidmheasa iarrthach gealltanais sriantach a thabhairt ar aghaidh san iarratas maidir le roinnt gníomhaíochtaí baincéireachta ag an institiúid creidmheasa iarrthach nó maidir leo go léir nó d'fhéadfaidh sé a bheith mar thoradh ar an measúnú cuimsitheach ag an údarás inniúil.
31. D'fhonn soiléireacht agus cinnteacht dhlíthiúil a chinntiú, ba cheart d'údaráis inniúla srianta den sórt sin a shainiú go soiléir. Mar shampla, féadfaidh údaráis inniúla srianta a chur i bhfeidhm ar an údarú lena bhforchuirtear ceanglas gan tairiscint a thógáil ach suas go dtí méid sonracha in aghaidh an taisceora, nó gan ach cineálacha áirithe urrúis a eisiúint nó gan urrúis a eisiúint ach do chineálacha áirithe infheisteoirí amháin. Ba cheart go mbeadh baint na srianta feidhmeacha faoi réir measúnú comhréireach ag an údarás inniúil, i gcomhréir le mír 18.
32. Faoi réir chomhlíonadh na gceanglas uile maidir leis an údarú a dheonú, féadfaidh údaráis inniúla - tráth eisiúna an údaraithe - aird na hinstiúide creidmheasa iarrthaí a tharraingt ar réimsí saineolaí de bhéim mhaoirseachta agus a n-ionchais a léiriú sa doiciméad údarúcháin céanna nó ar leithligh uaidh. Ba cheart d'údaráis inniúla cúiseanna a thabhairt, agus an cheist agus na cuspóirí a shaothraítear a leagan amach go cúramach. Ba cheart go n-úsáidfí ionchais an údaráis inniúil, in ainneoin nach bhfuil siad ceangailteach ó thaobh dlí, mar threoir don institiúid creidmheasa i ngnóthas leantach.
33. Sa chás go mbaineann an institiúid creidmheasa iarrthach le grúpa baincéireachta agus go n-éilíonn an institiúid chreidmheasa iarrthach nó a máthairghnóthas comhlíonadh na gceanglas stuamachta atá leagtha síos i gCodanna a Dó go hOcht CRR ar bhonn a staid chomhdhlúite, ba cheart d'údaráis inniúla athbhreithniú a dhéanamh ar an anailís a chuir an t-iarratasóir isteach

de bhun Airteagal 4, litir (f) den *RTS maidir le faisnéis le haghaidh údaraithe* d'fhonn a hiomláine agus a cuimsitheacht a mheas. I gcás gurb é an t-údarás inniúil an maoirseoir comhdhlúite freisin, ba cheart dó aon éifeacht ar na ceanglais stuamachta is infheidhme ar leibhéal comhdhlúite a scrúdú.

34. Ba cheart d'údaráis inniúla aon chonstaicí a bhfuil ann a shainaitheint, ag féachaint go háirithe do dhlúthcheangail a bheith ann de bhun Airteagal 14(3) CRD, a d'fhéadfadh cosc a chur ar fheidhmiú éifeachtach na bhfeidhmeanna maoirseachta, lena n-áirítear, más infheidhme, ar bhonn comhdhlúite, agus aon fhaisnéis, imthosca nó staid ábhartha a mheas de réir Airteagal 12 den *RTS maidir le faisnéis le haghaidh údaraithe*.

### 4.3 Cásanna ina gceanglaítear údarú

35. Ba cheart d'údaráis inniúla a chinntiú, i gcás cumasc de dhá institiúid creidmheasa nó níos mó lena ngabhann corprú eintitis nua chun dul i mbun na ngníomhaíochtaí baincéireachta cumaisc, gur cheart go mbeadh eintiteas nuabhunaithe den sórt sin bheith faoi réir údaraithe arna dheonú roimh ré ag an údarás inniúil. Ar an gcaoi chéanna, sna Ballstáit sin ina ndeonaítear an t-údarú ar bhonn gníomhaíochta de réir gníomhaíochta, ba cheart d'údaráis inniúla a chinntiú go ndéanfar na gníomhaíochtaí gnó a leathnú, mar thoradh ar chumasc trí ionsú ag institiúid creidmheasa eile nó trí ghníomhaíochtaí a cheannach ó institiúid creidmheasa tríú páirtí, ba cheart go mbeadh sí faoi réir sínte roimh ré ar an údarú mura gcumhdaítear gníomhaíochtaí gnó nua den sórt sin cheana féin leis an údarú a eisítear chuig an institiúid creidmheasa.
36. D'fhéadfadh sé go mbeidh gá le gníomhaíochtaí áirithe a shnoí as an idirbheart de bharr an fhorgníomhaithe d'idirbhearta athstruchtúraithe grúpa nó aistriú gníomhaíochtaí mar institiúid creidmheasa ó eintiteas amháin go ceann eile agus d'fhéadfadh sé go mbeidh gá leo a chur ar iontaoibh eintitis shealadaigh nuabhunaithe, sula ndéantar na gníomhaíochtaí sin a chumasc leis an institiúid creidmheasa fála.<sup>6</sup>
37. I gcás ina measann údaráis inniúla, de bhua na ngníomhaíochtaí a aistrítear go sealadach, go gcomhlíonann eintiteas den sórt sin an sainmhíniú ar institiúid creidmheasa, ba cheart go mbeadh an t-eintiteas sin faoi réir údarú roimh ré.
38. Gan dochar don mhír thuas, níor cheart d'údaráis inniúla aistriú gníomhaíochtaí na hinstitiúide creidmheasa chuig eintiteas sealadach a chur faoi réir deonú réamhúdaraithe i gcás go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:
  - (a) le bunú an aonáin shealadaigh, go gcomhlíontar ceanglais fhoirmiúla an struchtúir um fhorghníomhú an idirbhirt agus go gcomhfhreagraíonn saolré ionchasach na hinstitiúide creidmheasa sealadaí le 'soicind dlíthiúil', i.e. tréimhse ghearr neamhshainithe ama a mbíonn gníomhaíochtaí na hinstitiúide creidmheasa i seilbh an eintitis shealadaigh d'fhonn

---

<sup>6</sup> Mar shampla, díol institiúide creidmheasa atá mar chuid de ghrúpa, cé nach mór do ghníomhaíochtaí áirithe a dteastaíonn údarú mar institiúid chreidmheasa uathu den eintiteas dífheistithe fanacht laistigh den ghrúpa. Is féidir, mar shampla, na gníomhaíochtaí ar chóir dóibh fanacht a shnoí isteach in eintiteas dlíthiúil sealadach nua agus iad a chumasc ina dhiaidh sin le heintiteas grúpa eile atá údaraithe mar institiúid creidmheasa.

sraith idirbheart dlíthiúil a chur i gcrích go foirmiúil atá riachtanach chun an t-eintiteas sealadach a chumasc leis an bhfaighteoir, agus

- (b) gur ghlac na heintitis chumasc bearta leordhóthanacha chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí forghníomhaithe an idirbhirt, lena n-áirítear sa chás nach féidir an t-aistriú a chur i gcrích laistigh den ‘soicind dlíthiúil’. Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag bearta den sórt sin (mar shampla aistriú na ngníomhaíochtaí ar ais) a chinntiú go gcuirtear cosc ar an eintiteas sealadach a bheith gníomhach ar an margadh trí ghníomhaíochtaí a dhéanamh a éilíonn údarú mar institiúid creidmheasa.
39. Ba cheart d’údaráis inniúla a shoiléiriú nár cheart ach don eintiteas sin ar leith dá ndeonaítear údarú chun gnó institiúide creidmheasa a sheoladh an t-údarú sin a úsáid agus níor cheart é a aistriú chuig eintiteas eile.
40. Ag glacadh leis go ndeonaíonn údaráis inniúla an t-údarú faoin dlí náisiúnta is infheidhme, i gcás go bhfuil sé ar intinn ag institiúid creidmheasa a suíochán a aistriú chuig Ballstát eile, ba cheart go gcuirfeadh na húdaráis inniúla an t-athlonnú sin faoi réir deonú roimh ré ag údaráis inniúla an Bhallstáit ina mbeidh oifig chláraithe nua na hinstitiúide creidmheasa lonnaithe.
41. I gcomhréir le dlí náisiúnta na gcuideachtaí is infheidhme, féadfaidh institiúid creidmheasa atá ann cheana a foirm dlí a athrú. I gcás nach mbeidh athruithe maoirseachta ábhartha i gceist le hathrú na foirme dlíthiúla, níor cheart d’údaráis inniúla an t-athrú a dhéanamh ag brath ar údarú nua nó leasaithe a dheonú.

## 5. Údarú mar institiúid creidmheasa faoi litir (a), pointe (1) d’Airteagal 4(1) CRR agus a raon feidhm

---

### 5.1 Gníomhaíochtaí lena bhfuil gá le hiarratas ar údarú

42. De bhun Threoir 2013/36/AE, éilíonn cosaint coigiltis agus cobhsaíochta airgeadais go mbeidh an ghníomhaíocht mar institiúid chreidmheasa faoi réir údarú roimh ré ón údarás inniúil nach féidir a dheonú ach tar éis measúnú dearfach a bheith déanta ar an iarratas arna chur isteach ag an institiúid creidmheasa iarrthach.
43. Ba cheart d’údaráis inniúla a mheas go gcomhlíonann an t-iarratasóir gach gné den sainmhíniú ar institiúid creidmheasa a leagtar amach i bpointe (1), litir (a) d’Airteagal 4 (1) de CRR - ‘gnóthas a bhfuil sé i gceist aige taiscí a thógáil nó cistí inaisíochta eile ón bpobal agus creidmheas a dheonú dá chuntas féin’. Ba cheart dóibh a mheas go háirithe go bhfeidhmeoidh an institiúid creidmheasa iarrthach na gníomhaíochtaí de ‘thaiscí nó cistí inaisíochta eile ón bpobal a thógáil’ agus de ‘chreidmheas a dheonú dá chuntas féin’ ar aon.
44. Tá sé seo gan dochar don fhéidearthacht go ndéanfadh institiúid creidmheasa gníomhaíochtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I CRD agus de réir an dlí náisiúnta. Ba cheart, dá bhrí sin, go gclúdófaí i measúnú na n-údarás inniúil ar an bplean gnó na gníomhaíochtaí go léir atá beartaithe ag an institiúid creidmheasa iarrthach sa chlár oibríochtaí, lena n-áirítear iad siúd a théann níos faide ná taiscí nó cistí inaisíochta eile a thógáil ón bpobal agus creidmheas a dheonú dá chuntas féin, is cuma cibé an bhfuil siad leagtha amach in Iarscríbhinn I CRD, nó gníomhaíochtaí breise de bhun an dlí náisiúnta. Ba cheart d’údaráis inniúla scrúdú a dhéanamh ar chomhsheasmhacht agus ar chomhfhreagras idir na gníomhaíochtaí atá beartaithe agus eagrú inmheánach an iarratasóra, agus easpa eilimintí a d’fhéadfadh cosc a chur ar fheidhmiú éifeachtach a bhfeidhmeanna maoirseachta. Ar an gcuma chéanna, ba cheart d’údaráis inniúla a shoiléiriú go mbeidh an institiúid creidmheasa iarrthach, nuair a bheidh sí údaraithe, faoi réir grinnscrúdú cuimsitheach ar na gníomhaíochtaí go léir a dhéanann an institiúid creidmheasa go heisiach chun críocha tionchar gach gníomhaíochta den sórt sin ar an rialáil stuamachta a chinneadh agus maoirseacht ar an institiúid creidmheasa ina hiomláine.
45. I gcás ina ndéanann údaráis inniúla measúnú nach gcomhlíonann samhail ghnó na h-institiúide creidmheasa iarrthach gach gné den sainmhíniú ar institiúid creidmheasa a leagtar amach i bpointe (1), litir (a) d’Airteagal 4 (1) CRR, diúltóidh siad an t-údarú a dheonú.
46. In éagmais tuairim choiteann AE de na heilimintí a chomhdhéanann an sainmhíniú ar institiúid creidmheasa a leagtar amach i bpointe (1), litir (a) d’Airteagal 4 (1) de CRR, léiríonn na Treoirlínte seo gnéithe lárnacha d’eilimintí den sórt sin do na húdaráis inniúla chomh maith le

réisí a dteastaíonn aird speisialta ó údaráis inniúla orthu nuair a dhéantar an t-iarratas a mheas.

47. Agus measúnú á dhéanamh ar cibé a ndéantar nó nach ndéantar an nath ‘a ghnó’ a chomhlíonadh, ba cheart d’údaráis inniúla a mheas go ndéanfar an teaghlaim den dá ghníomhaíocht idir ‘taiscí nó cistí inaisíoctha eile a thógáil ón bpobal’ agus ‘creidmheas a dheonú dá chuntas féin’ ar bhonn rialta agus córasach.
48. De bhun an phrionsabail ghinearálta maidir le coigilteas a chosaint, agus measúnú á dhéanamh ar cibé an gcomhlíontar an nath ‘taiscí nó cistí inaisíoctha eile a “thógáil” ón bpobal’, ba cheart d’údaráis inniúla a chinntiú, i measc rudaí eile, go gcumhdaítear le samhail ghnó na hinstiúide creidmheasa iarrthaí (agus mar sin a struchtúr maoinithe) taiscí den sórt sin agus cistí inaisíoctha eile a fháil agus/nó a shealbhú go dtí go n-aisíocfar go hiomlán iad. Baineann aisíocaíocht ina hiomláine leis an bpríomhshuím le haon leasanna fabhraithe, más ann dóibh.
49. Agus measúnú á dhéanamh ar cibé an gcomhlíontar an nath ‘taiscí’, ba cheart d’údaráis inniúla a n-aird a dhíriú ar a laghad ar a chinntiú:
- gur suim airgeadra fiat i cibé foirm (amhail boinn, nótaí, airgead scríoptúrtha, etc.) iad;
  - go bhfuil siad inaisíoctha ar éileamh nó ag pointe ama a comhaontaíodh go conarthach agus le hús nó préimh nó gan é;
  - go bhfuil siad á bhfáil ó thríú páirtithe (daoine dlítheanacha nó nádúrtha);
  - go bhfuil siad á bhfáil le linn an ghníomhaíocht a sheoladh trí bhíthin an ghnó.
50. Ba cheart d’údaráis inniúla a thabhairt faoi deara go bhféadfadh taiscí a bheith i bhfoirmeacha éagsúla, d’fhéadfadh siad a bheith inaistrithe, nó d’fhéadfadh gur taiscí eile iad, lena n-áirítear taiscí coigiltis, taiscí téarma shocraithe nó deimhnithe doshannta taisce.
51. Ba cheart d’údaráis inniúla a chinntiú freisin, i measc nithe eile, nach ndéanfaidh na heisiaimh don choincheap maidir le taisce incháilithe agus an oibleagáid aisíocaíochta leis an scéim ráthaíochta taisce mar atá leagtha amach in Airteagal 5 (1) de Threoir 2014/49/AE maidir le scéimeanna ráthaíochta taisce (‘DGSD’) difear don choincheap ‘taiscí’ chun críocha an t-údarú mar instiúid creidmheasa a dheonú.
52. Agus measúnú á dhéanamh ar cibé an gcomhlíontar nó nach gcomhlíontar an nath sonrach ‘cistí inaisíoctha eile’, ba cheart d’údaráis inniúla tagairt a dhéanamh do ‘ionstraimí airgeadais a bhfuil tréith intreach in-aisíocthachta acu’ chomh maith leo siúd ‘cé nach bhfuil an tréith sin acu, atá faoi réir comhaontú conarthach na cistí a íocadh a aisíoc’<sup>7</sup>. Ba cheart dóibh a chur san áireamh freisin gur cheart go mbeadh bannaí agus urrúis inchomparáide eile amhail deimhnithe

---

<sup>7</sup> An Chúirt Bhreithiúnais, 12 Feabhra 1999, C-366/97, *Romanelli*.

doshannta (ní ainmniúil) taisce san áireamh i gcoincheap den sórt sin, ar choinníoll go n-eisíonn an institiúid creidmheasa iad seo go leanúnach<sup>8</sup>.

53. Agus measúnú á dhéanamh ar cibé an dtógtar na taiscí nó cistí inaisíoctha eile ‘ón’ bpobal’, ba cheart d’údaráis inniúla díriú go háirithe ar cibé an bhfaightear ‘taiscí nó cistí inaisíoctha eile’ mar ghnó ó dhaoine dlítheanacha nó nádúrtha seachas ón institiúid creidmheasa.
54. Agus measúnú á dhéanamh ar cibé an gcomhlíontar an nath ‘creidmheas a dheonú’, ba cheart d’údaráis inniúla díriú go háirithe ar cibé an dtabharfaidh an institiúid creidmheasa iarrthach comhaontuithe i gcrích d’fhonn suim airgid a sholáthar chun críche sonraithe nó neamhshonraithe, go ceann tréimhse ama le bheith aontaithe, agus le haisíoc de réir coinníollacha comhaontaithe, ag soláthar de ghnáth le haghaidh luach saothair. Agus aird ar leith á tabhairt ar an nath ‘dá chuntas féin’, ba cheart d’údaráis inniúla a mheas an bhfuil sé beartaithe ag an institiúid creidmheasa iarrthach a bheith ina creidiúnaí don mhaoiniú deonaithe.
55. Mar chuid den mheasúnú ar dheonú an údaraithe mar institiúid creidmheasa, ba cheart d’údaráis inniúla a mheas freisin an gá údarú mar institiúid creidmheasa a dheonú de réir staid bhunúsach agus chúinsí reatha na hinstitiúide creidmheasa iarrthaí. Ba cheart dóibh leordhóthanacht agus riachtanas an údaraithe mar institiúid creidmheasa a mheas, ag féachaint do na gníomhaíochtaí atá beartaithe ag an institiúid creidmheasa iarrthach a dhéanamh.
56. I gcás, bunaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach leis an iarratas, nach bhfuil sé soiléir go hiomlán gurb é gnó a sheoladh mar institiúid creidmheasa rún gnó iarbhir na hinstitiúide creidmheasa iarrthaí, ba cheart d’údaráis inniúla leibhéal grinnscrúdaithe an iarratais a mhéadú. Is amhlaidh atá, go háirithe, nuair a bhraitheann siad comhlíonadh teoranta nó foirmiúil le comhphárteanna aonair an tsainmhínithe ar institiúid creidmheasa.

In imthosca den sórt sin, ba cheart d’údaráis inniúla scrúdú a dhéanamh ar na cúiseanna gnó breise a d’fhéadfadh a bheith ag an institiúid creidmheasa iarrthach a thacaíonn le hiarratas a chur isteach, amhail na tairbhí a thagann as stádas institiúide creidmheasa i dtéarmaí dea-cháil, rochtain ar chórais íocaíochta agus socraíochta agus maoiniú níos saoire. Ba cheart d’údaráis inniúla, i measc nithe eile, béim ar leith a chur ar leibhéal riosca na ngníomhaíochtaí atá beartaithe agus ar inmharthanacht na samhla gnó, agus aird á tabhairt acu, i measc nithe eile, ar na héifeachtaí diúltacha a d’fhéadfadh a bheith ar na scéimeanna ráthaíochta taiscí agus méid agus cáilíocht na comhthaobhachta atá stóráilte ag na bainc cheannais.

## 5.2 Raon feidhme an údaraithe

57. In éagmais raon feidhme aonfhoirmeach údaraithe arna leagan amach i ndlí an AE, d’fhéadfadh go mbeadh córais éagsúla i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta. Dá réir sin, i gcás ina bhfuil córais

---

<sup>8</sup> In Aithris 14 CRD luaitear ‘Ba cheart, dá bhrí sin, raon feidhme na mbearta a bheith chomh leathan agus is féidir, ag cumhdach gach institiúid arb é a gnó cistí inaisíoctha a fháil ón bpobal, cibé acu i bhfoirm taiscí nó i bhfoirmeacha eile amhail eisiúint leanúnach bannaí agus urrús inchomparáide eile [...]’ (béim curtha leis).

‘údarú uilíoch’ i bhfeidhm, clúdaíonn an t-údarú na gníomhaíochtaí go léir a liostaítear in Iarscríbhinn I CRD agus de réir an dlí náisiúnta.

58. Os a choinne sin, i gcás nach bhfuil aon ‘údarú uilíoch’ den sórt sin i bhfeidhm, eiseofar an t-údarú ar bhonn gníomhaíochta de réir gníomhaíochta agus ní chumhdóidh sé ach na gníomhaíochtaí sonracha a ndéanaítear an t-údarú ina leith. Sa chás deireanach sin, ba cheart d’údaráis inniúla a measúnú a nuashonrú maidir le raon feidhme an údaraithe a eisíodh roimhe seo aon uair a dhéanann an institiúid creidmheasa iarratas chun a gnó a leathnú chuig gníomhaíochtaí nach gcumhdaítear leis an údarú eisithe. Ba cheart measúnú den sórt sin a dhéanamh go comhsheasmhach leis an treoir atá leagtha amach i mír 20.
59. Sa dá chás a chuimsítear le míreanna 57 agus 58, ba cheart, áfach, go gcuimseofaí i raon feidhme mheasúnú na n-údarás inniúil na gníomhaíochtaí go léir a shamhlaítear i gclár na n-oibríochtaí.

## 6. CAM lena údarú mar institiúid creidmheasa faoi litir (b) de phointe (1) d'Airteagal 4(1) CRR

---

60. De réir Airteagal 8a CRD, ní mór do ghnóthais a chomhlíonann ceann de na coinníollacha atá leagtha amach i bpointe (1), litir (b), (i)-(iii) d'Airteagal 4(1) CRR iarratas a dhéanamh ar údarú mar institiúid creidmheasa.
61. Chun na críche sin, ní mór do na gnóthais lena mbaineann iarratas a chur faoi bhráid an údaráis iniúil i gcomhlíonadh na gceanglas faisnéise arna leagan amach in *ÚBE RTS 2020/11 (faisnéis le haghaidh údaraithe faoi Airteagal 8a(6)(a) CRD*<sup>9</sup>).
62. Ba cheart d'údaráis iniúla an fhaisnéis sin a athbhreithniú i bhfianaise riachtanais na fírinne, na soiléireachta, an bheachtais agus na hiomláine agus d'fhonn bainistíocht fhónta stuama na hinstitiúide creidmheasa a chinntiú. Bunaithe ar an measúnú, d'fhéadfadh go mbeadh faisnéis fhorlíontach nó soiléiriú de dhíth orthu de réir Airteagal 1(5) de *ÚBE RTS 2020/11 (faisnéis le haghaidh údaraithe faoi Airteagal 8a(6)(a) CRD*).
63. Chun an t-iarratas a athbhreithniú agus a mheasúnú, ba cheart d'údaráis iniúla gach cuid de na Treoirí seo a chur i bhfeidhm a mhéid is ábhartha, ag féachaint do ghnéithe sonracha an iarratasóra. Tá sé seo gan dochar do leagan amach sa chuid seo de chritéir mheasúnaithe bhreise trína gcuirtear san áireamh sainiúlachtaí an iarratasóra faoi phointe (1), litir (b) d'Airteagal 4(1) CRR.
64. D'fhonn an measúnú a shruthlíniú de réir Airteagal 8a(5) CRD, ba cheart d'údaráis iniúla comhoibriú leis an údarás iniúil a léirítear in Airteagal 67 de Threoir 2014/65/AE (MiFID2). Go háirithe, chun a mheasúnú féin a fhoirmiú ar chomhlíonadh an iarratasóra leis na coinníollacha maidir le húdarú mar institiúid creidmheasa, ba cheart d'údaráis iniúla an measúnú a sholáthraíonn an t-údarás iniúil a léirítear in Airteagal 67 MiFID2 a chur san áireamh, a bhaineann le comhlíonadh leanúnach an iarratasóra le coinníollacha maidir le húdarú faoi MiFID.
65. Ba cheart d'údaráis iniúla a chinntiú go gcomhlíonfaidh an institiúid creidmheasa iarrthach na ceanglais stuamachta is infheidhme ón gcéad lá de rochtain ar an margadh mar institiúid creidmheasa údaraithe. Ba cheart d'údaráis iniúla, dá bhrí sin, déine a measúnaithe a chalabhrú go cuí maidir leis na n-iarratasóirí sin a bhí, roimh an iarratas, faoi réir riachtanas stuamachta seachas iad sin a bhí infheidhme maidir le hinstitiúidí creidmheasa.

---

<sup>9</sup>EBA RTS/2020/11 an 16 Nollaig 2020, Dréachtchaighdeán theicniúla rialála a bhaineann le cur chun feidhme chóras stuamachta nua do ghnólachtaí infheistíochta ar: - an fhaisnéis chun institiúidí creidmheasa a údarú faoi phointe (a) d'Airteagal 8a(6) de Threoir 2013/36/AE [...]. <https://eba.europa.eu/regulation-and-policy/investment-firms/regulatory-technical-standards-prudential-requirements-investment-firms>



66. Chun críocha an mheasúnaithe ar an bplean gnó, ba cheart d'údaráis inniúla an mhodheolaíocht a leagtar síos in alt 7 a chur i bhfeidhm a mhéid is infheidhme. Ina theannta sin, ba cheart dóibh sainiúlachtaí shamhail ghnó na hinstitiúide creidmheasa iarrthaí a chur san áireamh, agus aird ar leith á tabhairt ar ghnéithe na samhla lena ngintear ioncam, an struchtúr maoinithe agus na rioscaí sonracha a bhfuil nó a d'fhéadfadh samhail ghnó den sórt sin a bheith nocta dóibh.

## 7. Anailís ar phlean gnó

---

### 7.1 Critéir ghinearálta

67. Ba cheart go mbeadh measúnú na n-údarás inniúil ar an bplean gnó bunaithe ar na doiciméid agus ar an bhfaisnéis ábhartha a chuirfidh an institiúid creidmheasa iarrthach ar fáil, go háirithe de bhun Airteagal 4, litreacha (a) chuig (h), agus Airteagal 5(1)(a) den RTS ar *fhaisnéis le haghaidh údaraithe*, dírithe ar shamhail ghnó, straitéis agus ar phróifíl riosca na hinstitiúide creidmheasa iarrthaí, agus ag féachaint le dearcadh a fhoirmiú ar inmharthanacht agus inbhuanaitheacht a samhla gnó agus ar a cumas chun ceanglais stuamachta a chomhlíonadh laistigh den tréimhse phleanála.
68. Go comhsheasmhach le mír 13, ba cheart d'údarás inniúla an risíocht ar rioscaí ML/FT a eascraíonn as plean gnó na hinstitiúide creidmheasa iarrthaí a mheas. Chun na críche seo, ba cheart d'údarás inniúla a mheas go háirithe cibé an bhfuil nó nach bhfuil leibhéal níos airde riosca ML/TF ag na hearnálacha, gníomhaíochtaí, táirgí, sprioc-chustaiméirí, bealaí tíreolaíochta agus dáilte.
69. Go comhsheasmhach leis na prionsabail a leagtar amach i míreanna 15 agus 16, ba cheart d'údarás inniúla staonadh ó roghanna a léiriú do shamhlacha gnó ar leith agus a bheith neodrach maidir le riachtanais ghnó a ndlínse.
70. Ba cheart d'údarás inniúla déine a measúnaithe a chalabhrú i bhfianaise na gcritéar comhréireachta atá leagtha amach i mír 18.
71. Mar chritéar ginearálta, ba cheart d'údarás inniúla an measúnú cáilíochtúil agus cainníochtúil a dhéanamh ar an bplean gnó bunaithe ar a mbreithiúnas saineolaí. Chun cóireáil chomhionann agus comhsheasmhacht inmheánach a chinntiú, ba cheart go mbeadh breithiúnas saineolaithe bunaithe ar na critéir agus ar an modheolaíocht atá leagtha síos sna Treoirínte seo, agus go háirithe sa roinn seo 7.
72. Gan dochar do mhír 71, chun tacú leis an measúnú ar phlean gnó agus a mhéid atá iomchuí agus indéanta, féadfaidh údarás inniúla comparáid piaraí a dhéanamh de réir na gcritéar atá leagtha síos i mír 99.
73. Chun leanúnachas maoirseachta idir céim an údaraithe agus maoirseacht leanúnach na hinstitiúide creidmheasa iarrthaí a chinntiú, ba cheart an anailís agus toradh an mheasúnaithe ar an bplean gnó a dhéantar chun críocha an údaraithe a roinnt laistigh den údarás inniúil, lena n-áirítear chun críche faireachán a dhéanamh ar aon bheart maolaithe, i réamhchoinníollacha, oibleagáidí iardain nó srianta dá dtagraítear in alt 4.2, míreanna 25-32, a d'fhéadfadh a bheith curtha i bhfeidhm ag an údarás inniúil i gcomhthéacs an mheasúnaithe chun an t-údarú a dheonú.

## 7.2 Modheolaíocht mheasúnaithe

### 7.2.1 Straitéis ghnó

74. Ba cheart d'údarás inniúla athbhreithniú cáilíochtúil a dhéanamh ar straitéis ghnó na hinstiúide creidmheasa iarrthaí d'fhonn forbheathnú a bhaint amach ar na cineálacha gníomhaíochtaí atá beartaithe aici a dhéanamh, a ndáileadh geografach, creidiúnacht na mbonn tuisceana agus próifíl riosca ghaolmhar na hinstiúide creidmheasa iarrthaí.
75. Chun na críche seo, ba cheart d'údarás inniúla dearcadh soiléir a bhaint amach ar:
- (a) na cineálacha gníomhaíochtaí a bhfuil sé beartaithe ag an instiúid creidmheasa iarrthach tabhairt fúthu, lena n-áirítear na línte gnó lárnacha agus neamh-lárnacha a shainithint agus na cineálacha custaiméirí spriocdhírthe. Ba cheart go mbeadh an anailís seo feidhmiúil chun na gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an údarú a chinneadh, nó, go comhsheasmhach le mír 58, raon feidhme an údaraithe, chomh maith le hinfhaighteacht córas údaraithe oiriúnach eile, de réir mar a bheidh. Ba cheart go dtabharfaí tuiscint don údarás inniúil leis an athbhreithniú ar an bpróifíl riosca ghaolmhar, lena n-áirítear riosca ML/TF, agus an tionchar ar na ceanglais chaipitil, riachtanais leachtachta agus maoinithe chomh maith le socruithe rialachais inmheánaigh.
  - (b) dáileadh geografach na ngníomhaíochtaí, lena n-áirítear a gcleachtadh beartaithe trí fhochuideachtaí agus brainsí nó tríd an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar laistigh den AE nó i dtríú tír, agus an leathnú atá beartaithe don todhchaí. Go háirithe nuair a shamhlaítear leis an tsamhail ghnó úsáid réiteach digiteach, ba cheart d'údarás inniúla a mheas cibé an dtiocfadh nó nach dtiocfadh na gníomhaíochtaí trasteorann pleanáilte faoin 'saoirse chun seirbhísí a sholáthar' nó faoin 'gceart bunaíochta'. Ba cheart go dtacódh an anailís, i measc nithe eile, le tuiscint na n-údarás inniúil ar an ngá atá le haon cheanglas rialála breise rochtain a fháil ar na spriocmhargaí (e.g. fógra pas), aon riosca rialála gaolmhar, agus an réasúnaíocht ghnó nó airgeadais don struchtúr chorparáideach agus dáileadh geografach atá beartaithe. Ba cheart go dtacódh sé freisin leis an anailís ar an riosca ML/TF a bhaineann le dlínse, a dhéantar i gcomhthéacs an mheasúnaithe ar an struchtúr oibríochta. I gcás go bhfuil sé ar intinn ag instiúid creidmheasa iarrthach cuid mhór dá gníomhaíochtaí a dhéanamh lasmuigh den dlínse inar chuir sí an t-iarratas ar údarú isteach, ba cheart don údarás inniúil, de réir aithris (16) CRD, a mheas cibé an bhfuil nó nach bhfuil sé de chuspóir ag roghnú dlínse an chur i bhfeidhm go seachnófar caighdeán rialála níos déine (e.g. maidir leis an gcóras AML/CFT) atá i bhfeidhm i mBallstát eile.
  - (c) an straitéis fhoriomlán, ag iniúchadh réasúnaíocht ghnó na hinstiúide creidmheasa iarrthaí, chomh maith le straitéis fhoriomlán an ghrúpa nuair a bhaineann an t-iarratasóir le grúpa. Áirítear leis seo tuiscint chuí ar na haidhmeanna straitéiseacha, na príomhthiománaithe gnó, aon bhuntáiste iomaíoch aitheanta, cuspóirí cainníochtúla agus cáilíochtúla an phlean gnó, lena n-áirítear táirge nó seirbhís na cuideachta, an luach tairisceana, agus suíomh an mhargaidh.

76. Agus aird ar leith á tabhairt ar shamhlacha gnó nuálacha agus/nó sásraí seachadta, ba cheart d'údaráis inniúla aird a thabhairt freisin ar an gcur síos ar ghnéithe nuálacha na seirbhísí agus na dtáirgí atá beartaithe, lena n-áirítear aon nochtadh méadaithe féideartha do riosca ML/TF. Ag teacht leis an gcur chuige comhréireachta agus riosca-bhunaithe, féadfaidh údaráis inniúla smaoineamh ar athbhreithniú a dhéanamh ar an míniú bunúsach ar tharraingteacht, praghsáil táirge, struchtúr agus buntáiste comparáideach an táirge nua. Ba cheart athbhreithniú den sórt sin a chomhordú agus a chomhlánú leis an anailís spriocmhargaidh mar a thuairiscítear i roinn 7.2.3, agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na príomhtháscairí seachtracha ar an straitéis ghnó.
77. Le tuiscint shoiléir ar an straitéis ghnó pleanáilte, ligfear do na húdaráis inniúla an straitéis mhaoinithe ghaolmhar, na tosca seachtracha agus inmheánacha ábhartha a mheas chun na haidhmeanna straitéiseacha agus inchreidteacht na mbonn tuisceana cainníochtúla a bhaint amach. Ar an iomlán, ba cheart go dtabharfaí léargas sa mheasúnú don údarás inniúil ar láidreachtaí, laigí, deiseanna agus rioscaí na straitéise gnó.

## 7.2.2 Struchtúr maoinithe, measúnú leachtachta agus bainistíocht

78. Ba cheart d'údaráis inniúla dearcadh soiléir a bhaint amach ar na foinsí pleanáilte chun na gníomhaíochtaí gnó pleanáilte a mhaoiniú, lena n-áirítear foinse (i) an mhéid caipitil tosaigh. Ba cheart d'údaráis inniúla athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a chuireann an institiúid creidmheasa iarrthach isteach (go háirithe de bhun Airteagal 4 den RTS ar fhaisnéis le haghaidh údaraithe) chun an phróifíl leachtachta agus an struchtúr dliteanais a mheas, le béim speisialta ar inchreidteacht na mbonn tuisceana. Maidir leis an struchtúr dliteanais, ba cheart do na húdaráis inniúla na foinsí éagsúla maoinithe (cineálacha dliteanas, ionstraimí agus contrapháirithe), na costais ghaolmhara, na roghanna leabaithe agus a n-aibíochtaí conarthacha agus iompraíochta a mheas. Le léargas soiléir ar an bpróifíl leachtachta agus ar an struchtúr dliteanais, ligfear do na húdaráis inniúla na réamh-mheastacháin do na cóimheasa rialála leachtachta agus maoinithe a mheas amhail an LCR<sup>10</sup> agus NSFR<sup>11</sup>, agus aird á tabhairt freisin ar a bhforbairt thar an tréimhse pleanála mar gheall ar an méadú de réir a chéile ar ghníomhaíochtaí gnó agus ar chur chun feidhme na straitéise maoinithe (e.g. taisceoirí a mhealladh de réir a chéile) sa chéim bhunaithe. Ba cheart d'údaráis inniúla a chur san áireamh freisin cé go mbíonn tromlach na bhfoinsí maoinithe atá ar fáil seasmhach de gháth sa chéad bhliain de ghníomhaíochtaí (e.g. scairchaipiteal) agus go bhfuil cion na sócmhainní leachtacha ard, d'fhéadfadh forbairt na gcóimheas rialála a bheith éagsúil ag brath ar na gníomhaíochtaí gnó agus straitéis mhaoinithe ghaolmhar atá beartaithe ag an iarratasóir.
79. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú níos déine a dhéanamh, lena n-áirítear ceisteanna mionsonraithe a bhaineann le cásanna malartacha féideartha, má thaispeánann an struchtúr

<sup>10</sup> Féach Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2015/61 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2014 chun Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a fhorlíonadh a mhéid a bhaineann le cumhdach leachtachta le haghaidh Institiúidí Creidmheasa.

<sup>11</sup> Féach Teideal IV - Cuid a Sé CRR (tugtha isteach in CRR II).

maoinithe leibhéal arda comhchruinnithe nó próifíl mhaoinithe neamhchothromaithe (e.g. mí-oiriúnú aibíochta iomarcach).

80. Ba cheart costais mhaoinithe a mheas i gcomhthéacs an mheasúnaithe ar an réamhaisnéis airgeadais (féach 7.2.5) mar chuid de bhrabús agus chaillteanas na hinstitiúide creidmheasa iarrthaí agus, nuair is indéanta agus iomchuí, ba cheart iad a chur i gcomparáid le piaraí. Ina theannta sin, ba cheart na boinn tuisceana bhunúsacha - go háirithe na rátaí úis pleanáilte - a mheas i gcoinne na timpeallachta gnó agus maicreacnamaíche.
81. Ba cheart do na húdaráis inniúla athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach, go háirithe mar atá leagtha amach in Airteagal 4, litir (g), n. (ii) go (v)<sup>12</sup> den RTS *ar fhaisnéis le haghaidh údaraithe*, d'fhonn measúnú a dhéanamh ar chumas na hinstitiúide creidmheasa iarrthaí a seasamh leachtachta agus na maoláin choibhneasta a mhaoiniú, faireachán a dhéanamh orthu, iad a nuashonrú agus a thuairisciú, de réir a riachtanas<sup>13</sup>.
82. Ba cheart d'údaráis inniúla athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach go háirithe mar atá leagtha amach in Airteagal 4, litir a) n. (v)<sup>14</sup> de na RTS *ar fhaisnéis le haghaidh údaraithe*, agus é mar aidhm ullmhacht fhoriomlán an phróisis inmheánaigh mheasúnaithe ar leordhóthanacht leachtachta a mheas, ag féachaint, mar shampla, do na gnéithe seo a leanas:
  - (a) rialachas leachtachta. Ba cheart d'údaráis inniúla tuiscint shoiléir a fháil ar chumas éifeachtach na hinstitiúide a leachtacht a bhainistiú, lena n-áirítear cibé an bhfuil nó nach bhfuil a ndóthain acmhainní ag na feidhmeanna faoi seach chun bainistíocht fhónta leachtachta a chinntiú agus cibé an bhfuil nó nach bhfuil siad in ann an NSFR agus LCR a ríomh. Ba cheart d'údaráis inniúla tuiscint shoiléir a fháil ar na línte tuairiscithe a cuireadh ar bun chun leachtacht agus rioscaí gaolmhara na hinstitiúide a phlé, lena n-áirítear ábhar beartaithe agus minicíocht na dtuarascálacha don chomhlacht bainistíochta, don bhainistíocht shinsearach agus do choistí ábhartha (más infheidhme) d'fhonn a aimsiú gur féidir leo na hábhair ábhartha a phlé agus dúshlán a thabhairt ina leith;
  - (b) an straitéis mhaoinithe agus pleanáil leachtachta. Ba cheart d'údaráis inniúla tuiscint shoiléir a fháil ar chumas na hinstitiúide creidmheasa cásanna a dheardh, lena n-áirítear tástáil struis agus pleananna maoinithe teagmhasacha;

---

<sup>12</sup> In Airteagal 4, litir (g) den RTS *ar fhaisnéis le haghaidh údaraithe*, foráiltear go leagfar amach san iarratas 'breacchuntas ar na creataí agus na beartais seo a leanas den institiúid creidmheasa iarrthach: [...] (b) beartas bainistíochta riosca leachtachta; (c) beartas um chomhchruinniú agus éagsúlú maoinithe; (d) beartas bainistíochta comhthaobhachta; (e) beartas taisce'

<sup>13</sup> Féach ar roinn 9.4, Creat rialaithe inmheánaigh.

<sup>14</sup> In Airteagal 4, litir (h) den RTS *ar fhaisnéis le haghaidh údaraithe*, foráiltear 'Leagfar amach san iarratas gach ceann díobh seo a leanas maidir le staid airgeadais na hinstitiúide creidmheasa iarrthaí: [...] Achoimre ar an measúnú inmheánach ar leordhóthanach leachtacht, ar leibhéal chomhdhlúite, fho-chomhdhlúite agus aonair de réir mar is infheidhme, ag taispeáint go mbeidh acmhainní leachtachta na hinstitiúide creidmheasa leordhóthanach chun a riachtanais leachtachta aonair a chomhlíonadh; [...]'

- (c) an creat um rialuithe inmheánacha leachtachta. Ba cheart go bhfaigheadh údaráis inniúla tuiscint shoiléir ar na próisis atá beartaithe um athbhreithniú, bailíochtú agus cruthú le fianaise (e.g. tuarascálacha, fianaise rialaithe).
83. Go comhsheasmhach leis an gcur chuige comhréireachta atá leagtha amach i mír 70, ba cheart d'údaráis inniúla cumas agus ullmhacht na hinstiúide creidmheasa iarrathaí a mheas maidir le strus maoinithe a sheasamh. Chun na críche seo, ba cheart d'údaráis inniúla anailís a dhéanamh ar thionchar an cháis mhaoinithe agus struis leachtachta a cuireadh isteach, amhail ardú ar chostais mhaoinithe, ar na cóimheasa leachtachta agus maoinithe.
84. Nuair is ábhartha, ba cheart d'údaráis inniúla a chinntiú go ngabhtar táscairí leachtachta agus maoinithe sa tuairisc a chuirtear isteach ar an bpróiseas ábhartha chun an plean téarnaimh a ullmhú.
85. Agus measúnú á dhéanamh ar rioscaí do leachtacht agus do mhaoiniú, ba cheart d'údaráis inniúla comhlíonadh na hinstiúide creidmheasa iarrthaí sa todhchaí a fhíorú le híoscheanglais arna soláthar ag an reachtaíocht cur chun feidhme náisiúnta agus AE ábhartha. Mar sin féin, d'fhéadfaí raon feidhme an mheasúnaithe a leathnú thar na híoscheanglais sin, agus é mar aidhm ligean d'údaráis inniúla acmhainní leachtachta níos airde a iarraidh ar an instiúid creidmheasa iarrthach d'fhonn cúiteamh a dhéanamh as rioscaí agus neamhchinnteachtaí neamhaitheanta.

### **7.2.3 Príomhfachtóirí seachtracha lena n-áirítear timpeallacht ghnó**

86. Chun tuairim a fháil ar inchreidteacht toimhdí straitéiseacha instiúide, ba cheart d'údaráis inniúla príomhfachtóirí seachtracha an phlean gnó, lena n-áirítear an timpeallacht ghnó, a chumhdach mar chuid dá measúnú foriomlán, de réir na gcritéar a léirítear thíos.
87. Go comhsheasmhach leis an gcur chuige comhréireachta atá leagtha amach i mír 70, ba cheart d'údaráis inniúla athbhreithniú a dhéanamh ar fhorbhreathnú na hanailíse spriocmhargaidh a chuir an instiúid creidmheasa iarrthach isteach agus é mar aidhm tuiscint chuí a bhaint amach ar an timpeallacht ghnó atá ann, agus gníomhaíochtaí na bpríomhimreoirí atá ann cheana agus na n-iomaitheoirí ionchasacha sa spriocmhargadh / sna spriocmhargaí á mbreithniú, agus an fhorbairt is dóigh a bheidh ar an timpeallacht ghnó.
88. Chun na críche seo, ba cheart d'údaráis inniúla athbhreithniú a dhéanamh ar an anailís ar na treochoí sa spriocmhargadh a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar fheidhmíocht agus ar bhrabúsacht na hinstiúide. D'fhéadfadh go n-áireofaí orthu sin, ar bhonn cás ar chás, treochoí rialála agus macrastuamachta (e.g. athruithe ar an reachtaíocht um dháileadh táirgí baincúireachta miondíola nó athruithe ar na huaschóimheasa iasachta-go-luach a cheadaítear do mhorgáistí), treochoí teicneolaíochta (e.g. bogadh chuig ardáin leictreonacha le haghaidh cineálacha áirithe trádála) agus treochoí sochaíochta/déimeagrafacha (e.g. comhdhéanamh custaiméirí, athrú ar tháirgí mar thoradh ar threochoí athraitheacha an mhargaidh, éileamh níos mó ar shaoráidí baincúireachta Ioslamacha).

89. Nuair is iomchuí agus ar anailís chás ar chás, d'fhéadfadh go gcuimseofaí i dtagairt d'imreoirí atá ann cheana agus d'iomaitheoirí ionchasacha, i dteannta le hinstitiúidí airgeadais reatha, cuideachtaí teicneolaíochta domhanda atá ag leathnú isteach i seirbhísí airgeadais. Ba cheart anailís den sórt sin a dhéanamh freisin i gcomhar leis an athbhreithniú ar an spriocmhargadh, lena n-áirítear tionchar na n-iomaitheoirí sin ar an institiúid creidmheasa iarrthach mar shampla ar mhargaíocht tomhaltóirí dhíreach.

#### 7.2.4 Príomhfhachtóirí inmheánacha

90. Go comhsheasmhach leis an gcur chuige comhréireach atá leagtha amach i mír 71 agus ar bhonn chás ar chás, ba cheart d'údarás inniúla anailís a dhéanamh ar ghnéithe cáilíochtúla de shamhail ghnó na hinstitiúide creidmheasa iarrthaí atá beartaithe chun tuiscint a fháil ar a spreagthaí rathúlachta agus a príomhspleáchais maidir le dearcadh na hinstitiúide creidmheasa iarrthaí a fhoirmiú.
91. Maidir leis seo, ba cheart go n-áireofaí sna réimsí le haghaidh anailíse ag údarás inniúla na príomhfhachtóirí inghiniúla a mbíonn tionchar acu ar rath na samhla gnó, amhail láidreachtaí beartaithe na hinstitiúide creidmheasa iarrthaí sa chaidreamh le custaiméirí, soláthraithe agus comhpháirtithe, cáilíocht na n-ardán TF agus cumas oibríochta agus acmhainní, chomh maith le tosca ar nós soláthraithe tríú páirtí, idirghabhálaithe, nochtadh féideartha do riosca ML/TF agus spreagthaí rialála ar leith.
92. Ba cheart d'údarás inniúla a mheas freisin cibé an bhfuil na réamhaisnéisí airgeadais ag teacht leis an straitéis ghnó atá leagtha amach sa phlean, cibé an bhfuil plean soiléir ann i dtreo an chur chun feidhme agus an cumas atá ann an plean gnó a fhorghníomhú agus a chur chun feidhme. Maidir leis seo, ba cheart go gcuirfí san áireamh in athbhreithniú na n-údarás inniúil an measúnú ar chumas gairmiúil na bainistíochta ar bhonn leanúnach, lena n-áirítear maidir leis an bplean gnó agus a athruithe le himeacht ama, agus an infhaighteacht d'acmhainní daonna leordhóthanacha chun cur chun feidhme an straitéis ghnó a chinntiú. Chun tacú leis an measúnú seo, ba cheart d'údarás inniúla taithí ghairmiúil bhaill an chomhlachta bainistíochta roimhe seo a chur san áireamh.

#### 7.2.5 Réamhaisnéisí airgeadais

93. Ba cheart d'údarás inniúla athbhreithniú cainníochtúil a dhéanamh ar phlean gnó na hinstitiúide creidmheasa iarrthaí ag díriú ar na réamhaisnéisí airgeadais a cuireadh isteach, don chás bunúsach agus don chás struis araon - agus aird á tabhairt ar an dáileadh geografach, ar na cineálacha gníomhaíochtaí agus ar sheasamh an mhargaidh ag an leibhéal aonair agus, más infheidhme, ar an leibhéal comhdhlúite nó leibhéal fo-chomhdhlúite (Airteagal 4, litir(a) den *RTS ar fhaisnéis le haghaidh údaraithe*<sup>15</sup>). Ba cheart d'údarás inniúla athbhreithniú a dhéanamh freisin ar shuíomhanna airgeadais (e.g. bunaithe ar an gclár comhardaithe), riosca

<sup>15</sup>Foráiltear le hAirteagal 4, litir (a) den RTS ar fhaisnéis le haghaidh údaraithe go leagfar amach san iarratas 'faisnéis réamhaisnéise ar an institiúid creidmheasa iarrthach ar leibhéal aonair agus, más infheidhme, ar leibhéal chomhdhlúite grúpa agus fo-chomhdhlúite (ag léiriú na scaire arna ionadú ag an institiúid creidmheasa), ar a laghad ar bhunchás agus cás struis, lena n-áirítear: [...]'.  

---

(e.g. bunaithe ar mhéid iomlán na risíochta riosca, 'TREA', nó bearta riosca eile) agus/nó srianta eagraíochtúla agus/nó reachtúla.

94. Ba cheart gurb é cuspóir an athbhreithnithe chainníochtúil ar réamhaisnéisí airgeadais an phlean gnó creidiúnacht na mbonn tuisceana a mheas (maidir le fás gnó, giniúint ioncaim, meastachán ar chostais agus bunrioscaí), inmharthanacht agus inbhuanaitheacht na samhla gnó den iarratasóir agus a chumas foriomlán na torthaí réamh-mheasta a bhaint amach i gcomhlíonadh na gceanglas stuamachta sa bhunchás agus sa chás struis araon.
95. Ba cheart go léireofaí sa mheasúnú ar na réamhaisnéisí airgeadais straitéis ghnó spriocdhírthe na hinstiúide creidmheasa iarrthaí maidir leis na tíreolaíochtaí is ábhartha san instiúid creidmheasa, lena n-áirítear fochuideachtaí, brainsí, gníomhaíochtaí a chuirtear ar fáil trí shaoirse chun seirbhísí a sholáthar, cineálacha gníomhaíochtaí, línte gnó agus línte táirge bunaithe ar ranníocaíocht brabúis (e.g. bunaithe ar P&L) agus scrúdú a dhéanamh ar chreidiúnacht na mbonn tuisceana cainníochtúla (e.g. gnó in aghaidh an réigiúin, ioncam ó tháillí, líon na gcustaiméirí, costais foirne, toimhdí maicreacnamaíocha, etc.).
96. Agus brabúsacht an phlean gnó á meas acu, ba cheart d'údaráis inniúla aird ar leith a thabhairt ar na réimsí sin den straitéis ghnó spriocdhírthe is ábhartha d'inbhuanaitheacht na samhla gnó amach anseo agus do mharthanas i gcásanna struis. A mhéid is féidir, agus nuair is iomchuí, ba cheart dóibh aird a thabhairt ar neamhchosaint na hinstiúide creidmheasa iarrthaí ar rioscaí agus leochaileachtaí atá ann faoi láthair nó a bheidh ann sa todhchaí.
97. Chun na gcríoch seo, ba cheart d'údaráis inniúla athbhreithniú a dhéanamh ar an míniú ar inmharthanacht tosaigh na hinstiúide creidmheasa agus ar inbhuanaitheacht na samhla gnó thar thréimhse ama a éilíonn an instiúid creidmheasa iarrthach an stát seasta a bhaint amach, ar aon chuma thar thréimhse trí bliana ar a laghad. Maidir leis an gcás struis, ba cheart go mbeadh sé leordhóthanach don instiúid creidmheasa a bheith in ann na ceanglais stuamachta a chomhlíonadh ag deireadh na tréimhse pleanála.
98. B'fhéidir go mbeidh ar údaráis inniúla plean gnó a mheas le tréimhse níos faide, mar shampla suas le cúig bliana. D'fhéadfadh sé seo a bheith i gceist, mar shampla, maidir leis na hiarratasóirí sin a bhforbraíonn a dtimthriall gnó thar chúig bliana nó a léiríonn a bpleananna gnó trí bliana laigí inbhuanaitheachta. I gcásanna den sórt sin, ba cheart leibhéal déine an mheasúnaithe a chalabré de réir phróifíl riosca an phlean gnó, laigí féideartha agus éiginnteacht atá nasctha leis an tréimhse ama níos faide.
99. A mhéid is féidir agus nuair is iomchuí, ba cheart d'údaráis inniúla comparáid phiaraí ábhartha a chinneadh don instiúid creidmheasa iarrthach. Ba cheart don údarás inniúil an piara nó an grúpa piara a chinneadh ar bhonn na línte táirge/gnó iomaíocha a dhíríonn ar an bhfoinse chéanna brabúis/custaiméirí agus ba cheart dó an anailís a bhunú ar shonraí maoirseachta, margaidh agus maicreacnamaíocha atá i seilbh an údaráis inniúil. I gcásanna den sórt sin, ba cheart go gcomhlánódh aschur an mheasúnaithe a thagann as an gcomparáid piaraí



breithiúnas saineolach an údaráis inniúil. Mura bhfuil an chomparáid piaraí indéanta, ba cheart do na húdaráis inniúla brath ar bhreithiúnas saineolaithe.

100. Ba cheart d'údaráis inniúla smaoineamh ar threochtaí agus cóimheasa brabúsachta a mheas, ag féachaint do na rioscaí a shamhlaíonn an institiúid creidmheasa iarrthach glacadh leo agus an fheidhmíocht choibhneasta i gcomparáid le piaraí. Chun tacú leis an measúnú seo, féadfaidh údaráis inniúla tagairt a dhéanamh do na táscairí brabúsachta agus riosca is coitianta amhail toradh ar chothromas, toradh ar shócmhainní, cóimheas costais le hioncam, costas riosca agus cóimheas gearála. Ba cheart go léireodh úsáid an údaráis inniúil táscairí ar leith an cineál agus an leibhéal riosca atá beartaithe ag an institiúid creidmheasa iarrthach chun brabúis a ghiniúint (mar shampla d'fhéadfadh institiúid a ghineann torthaí níos ísle agus níos cobhsaí le hinghlacthacht riosca coimeádach a bheith níos inbhuanaithe ná institiúid a bhfuil torthaí arda aici ach inghlacthacht riosca an-ionsaitheach). Ba cheart d'údaráis inniúla an riosca atá mar bhonn leis an bhfeidhmíocht eacnamaíoch a mheas go cúramach (e.g. leibhéal riosca na sócmhainní), agus táscairí coigeartaithe riosca á gcur san áireamh a mhéid is féidir.
101. Ba cheart go mbeadh údaráis inniúla in ann tuiscint shoiléir a fháil ar fhoinsí na hinstitiúide maidir le giniúint brabúis agus caillteanais (go háirithe na príomhchúiseanna le méideanna - stoc agus sreabhadh - agus praghsanna/corrlaigh) d'fhonn príomhspreagthóirithe agus spleáchais gnó d'fheidhmíocht agus leochaileachtaí féideartha a shainaithe. Nuair is iomchuí i bhfianaise an chur chuige comhréireachta atá leagtha amach i mír 70, ba cheart d'údaráis inniúla miondealú ar ioncam / foinsé ioncaim a dhéanamh d'fhonn a thuiscint an bhfuil na foinsí ioncaim a bhfuiltear ag súil leo ag teacht leis an straitéis ghnó spriocdhírithé fhoriomlán (cineál shamhail ghnó, méid an ghnó). Maidir leis seo, ba cheart d'údaráis inniúla aird a thabhairt ar ionchais brabúis atá ró-dóchasach, a bhaineann, mar shampla, leis an réamhráta úis agus le toimhdí ábhartha eile a ghineann ioncam, agus a dtionchar féideartha ar iontaofacht agus, ar deireadh, inbhuanaitheacht na réamh-mheastachán.
102. Go comhsheasmhach le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach i mír 70, ba cheart d'údaráis inniúla praghsáil agus struchtúr táirge na hinstitiúide creidmheasa iarrthaí a athbhreithniú. Chun na críche seo, féadfar machnamh a dhéanamh, mar shampla, ar:
- (a) spleáchas ar fhoinsí ioncaim riosca nó comhchruinnithe (e.g. morgáistí fo-phríomha, iasachtaí airgeadais gearáilte, creidmheas tomhaltóra, grúpaí custaiméirí ar leith) agus a éifeachtaí ar an tsamhail ghnó, amhail leochaileacht mhéadaithe i leith athruithe sa timpeallacht ghnó (e.g. laghdú ar phraghas eastáit réadaigh, laghdú ar an éileamh ar tháirgí a mhaoinítear trí iasachtaí na dtomhaltóirí);
  - (b) spleáchas ar fhoinsí ioncaim níos luainí (e.g. ioncam trádála, ioncam fáilithe nó foinsí neamh-athfhillteach eile) agus na himpleachtaí d'inbhuanaitheacht fhadtéarmach ioncaim.
103. Ba cheart d'údaráis inniúla tuiscint shoiléir a fháil ar na samhlacha ioncaim éagsúla (e.g. bunaithe ar ioncam úis (e.g. gnó creidmheasa custaiméirí) nó bunaithe ar ioncam ó tháillí (e.g. airgeadas trádála, baincéireacht chomhfhreagraí, seirbhísí cumhdaigh nó comhairleacha), na

spreagthóirí ioncaim ar leith, na príomhtháscairí feidhmíochta agus leibhéal riosca na línte gnó gaolmhara. I ngach cás, ba cheart go mbeadh tuiscint shoiléir acu ar shamhail ioncaim na hinstitiúide creidmheasa iarrthaí, ar an gcaoi a bhfuil súil aici ioncam a ghiniúint i gcásanna gnó mar is gnách agus struis araon agus creidiúnacht na mbonn tuisceana.

104. Ba cheart d'údaráis inniúla aird ar leith a thabhairt ar rátaí arda fáis agus ar bhoinn tuisceana riosca gaolmhara, lena n-áirítear maidir le leordhóthanacht fhorfheidhmithe agus inniúlachtaí bainistíochta riosca na hinstitiúide creidmheasa iarrthaí, chun tacú le baint amach na réamh-mheastachán spriocdhírthe, de réir na hanailíse a rinneadh de bhun mhír 92. Ba cheart measúnú a dhéanamh ar inchreidteacht na mbonn tuisceana agus aird á tabhairt ar ghnéithe éagsúla, lena n-áirítear an straitéis ghnó fhoriomlán, praghsáil táirgí, an timpeallacht ghnó, an straitéis mhaoinithe, lamháltas riosca agus inghlacthacht riosca, beartais a bheidh dírithe ar bhainistíocht fhónta agus stuama a chinntiú, etc. Maidir le hinbhuanaitheacht na samhla gnó, ba cheart d'údaráis inniúla tuiscint dhomhain a fháil ar an struchtúr costais agus ar na táscairí ábhartha, mar shampla forbairt an chóimheasa costais le hioncam (glan nó i gcoibhneas le piaraí) ag deireadh tréimhse an phlean gnó atá beartaithe agus i gcásanna faoi strus.
105. Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an spriocstruchtúr costais (e.g. costais saothair, riaracháin nó TF) i dtéarmaí iomlána agus, nuair is féidir agus nuair is iomchuí, i gcomparáid le piaraí, ag cuimhneamh ar an tionchar diúltach suntasach a d'fhéadfadh a bheith ag gannmheastachán costas áirithe, go háirithe le linn na céime tosaithe nó i gcásanna faoi strus, ar inbhuanaitheacht na samhla gnó agus/nó na straitéise. Ba cheart d'údaráis inniúla aird a thabhairt ar chomhchruinniú costais athfhillteach a d'fhéadfadh dolúbthacht sa struchtúr costais a léiriú.
106. Agus aird ar leith á tabhairt ar shamhlacha costais, is dóigh go dtabhóidh institiúidí creidmheasa iarrthacha atá ag brath go mór ar shamhlacha gnó a chumasaítear le teicneolaíocht, costais imeallacha níos ísle ná institiúidí creidmheasa a bhfuil idirbhearta ceangailte le costais athraitheacha arda acu. Mar thoradh air sin, is dóchúil go dtiocfaidh méadú ar bhrabúsacht samhla gnó den sórt sin tar éis mais chriticiúil áirithe a bheith bainte amach a iompraíonn na costais infheistíochta seasta. Ba cheart d'údaráis inniúla, dá bhrí sin, príomhchaiteachais d'iarratasóirí den sórt sin a mheas, amhail tallann innealtóireachta nó margáíochta táirgí agus infheistíocht i mbonneagar.

#### **7.2.6 Dearcadh foriomlán maoirseachta**

107. Bunaithe ar an bplean gnó agus na réamh-mheastacháin airgeadais a cuireadh ar fáil, ba cheart do na húdaráis inniúla a ndearcadh foriomlán maoirseachta a fhorbairt chun a mheas cibé an mbeidh nó nach mbeidh (a) samhail ghnó na hinstitiúide creidmheasa iarrthaí inmharthana agus inbhuanaithe agus (b) an institiúid creidmheasa iarrthach ábalta na ceanglais stuamachta a chomhlíonadh thar an tréimhse pleanála. Bunaithe ar bhreithiúnas saineolach an údaráis inniúil, is é cuspóir an dearcadh maoirseachta foriomlán measúnú comhtháite agus cuimsitheach a dhéanamh ar an bplean gnó agus ar réamhaisnéisí airgeadais agus go háirithe ar chreidiúnacht na mbonn tuisceana. Ba cheart go mbeadh an dearcadh maoirseachta

bunaithe ar mheasúnú na faisnéise a fhaightear ar an straitéis ghnó, ar an timpeallacht ghnó (piaraí ionchasacha, treochtaí margaidh agus fachtóirí seachtracha eile a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar bhrabúsacht sa todhchaí) agus príomhfachtóirí inmheánacha, agus i gcomparáid le tuairimí na hinstitiúide creidmheasa iarrthaí féin (réamhaisnéisí airgeadais, mar a mhínítear i míreanna 93 go 106), d'fhonn a n-inchreidteacht fhoriomlán a mheas.

108. Bunaithe ar an bhfaisnéis athbhreithnithe, ba cheart don údarás inniúil dúshlán a thabhairt do bhoinn tuisceana na hinstitiúide creidmheasa iarrthaí agus a dhearcadh maoirseachta féin a fhorbairt. Mura bhfuil na toimhdí inchreidte, féadfaidh údaráis inniúla toimhdí malartacha a fhorbairt agus anailís íogaireachta a dhéanamh chun an tionchar cainníochtúil ar réimsí gaolmhara an phlean gnó a chinneadh. Leis an dúshlán líne-ar-líne agus an cur i bhfeidhm de thoimhdí malartacha faoi seach, más gá, ligfear don údarás inniúil tionchar foriomlán na hanailíse íogaireachta ar na réamhaisnéisí airgeadais a chainníochtú agus a mheas agus ar deireadh thiar an tionchar ar na ceanglais stuamachta is ábhartha a mheas. Féadfaidh an t-údarás inniúil an bunchás chomh maith leis an gcás struis a cheistiú.
109. Ba cheart go mbeadh forbairt an dearcadh maoirseachta agus an anailís íogaireachta faoi réir comhréireachta mar atá leagtha amach i mír 70, ag smaoineamh ar riosca agus castacht choibhneasta na samhla gnó atá beartaithe. Sa chás go bhfuil an dearcadh maoirseachta foriomlán difriúil le dearcadh an iarratasóra, féadfaidh údaráis inniúla smaoineamh ar bharúlacha sonracha a roinnt leis an institiúid creidmheasa iarrthach, agus é mar aidhm an bhearna faisnéise a dhúnadh agus tuiscint na mbonn tuisceana a dhéanann an institiúid creidmheasa iarrthach a dhoimhniú. D'fhéadfadh an t-idirphlé maoirseachta a bheith fabhrach do chur isteach plan gnó athbhreithnithe agus réamhaisnéis airgeadais ag an institiúid creidmheasa iarrthach, lena léirítear aon bhearta leighis is gá chun a hinmharthanacht agus a hinbhuanaitheacht a chinntiú agus, sa deireadh, comhlíonadh na gceanglas stuamachta don tréimhse phleanála. Ina leithéid de chás, féadfaidh údaráis inniúla bearta maolaithe a mheas, i bhfoirm réamhchoinníollacha, oibleagáidí iardain nó srianta mar atá leagtha síos in alt 4.2, míreanna 25 - 32.

## 8. Caipiteal

---

### 8.1 Critéir ghinearálta

110. Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag cinneadh leibhéal an chaipitil go gcomhlíonfaidh an institiúid creidmheasa údaraithe a cistí féin agus ceanglais stuamachta eile tráth an údaraithe agus trí chás struis trom ach sochreidte thar thrí bliana ar a laghad.
111. Chun críocha an t-údarú a dheonú, ba cheart leibhéal an chaipitil a chinneadh bunaithe ar an gcaipiteal tosaigh agus ar riachtanais an chiste féin de réir na modheolaíochta atá leagtha síos in alt 8.2.
112. Chun críocha an CAM, is é an caipiteal tosaigh méid seasta atá leagtha amach sa dlí náisiúnta de réir Airteagal 12(1)<sup>16</sup> CRD nó le hAirteagal 12(4)<sup>17</sup> CRD, de réir mar a bheidh.
113. Tá ceanglais chaipitil na gcistí féin bunaithe ar riosca<sup>18</sup> agus bunaithe ar cheanglais gearála<sup>19</sup> de réir Theideal I, Cuid a Dó agus a Trí CRR.
114. Beag beann ar na difríochtaí ar fud an AE a bhaineann le dearbhluach an chaipitil tosaigh atá leagtha amach sa dlí náisiúnta, tá sé mar aidhm ag an CAM a chinntiú go socraítear an leibhéal caipitil chun a chinntiú go gcomhlíontar na ceanglais stuamachta tráth an údaraithe sa chás bunlíne, agus le linn trí bliana ar a laghad den tréimhse phleanála i gcás strus trom ach sochreidte.
115. Tá cinneadh leibhéal an chaipitil tráth an údaraithe agus an méid atá le híoc tráth an údaraithe mar atá leagtha amach i roinn 8.2 agus roinn 8.3 thíos gan dochar do riachtanais níos déine atá leagtha síos ar an leibhéal náisiúnta.

### 8.2 Cinneadh leibhéal an chaipitil

116. D'fhonn leibhéal an chaipitil a chinneadh, ba cheart d'údaráis inniúla:

- (a) na rioscaí (agus na RWanna gaolmhara) a shainaithint go cuí bunaithe ar an bplean gnó a ndéantar athbhreithniú air de réir roinn 7.2.6, agus meastachán a dhéanamh ar na ceanglais

---

<sup>16</sup> 'Gan dochar do choinníollacha ginearálta eile atá leagtha síos sa dlí náisiúnta, diúltóidh na húdaráis inniúla údarú chun tús a chur le gníomhaíocht institiúide creidmheasa i gcás nach bhfuil cistí dílse ar leithligh ag institiúid creidmheasa nó i gcás gur lú ná EUR 5 mhilliún a caipiteal tosaigh'.

<sup>17</sup> 'Féadfaidh na Ballstáit údarú a dheonú do chatagóirí áirithe institiúidí creidmheasa a bhfuil a gcaipiteal tosaigh níos lú ná an caipiteal a shonraítear i mír 1, faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

(a) nach lú an caipiteal tosaigh ná EUR 1 mhilliún;

(b) cuirfidh na Ballstáit lena mbaineann in iúl don Choimisiún agus don ÚBE na cúiseanna atá acu leis an rogha sin a fheidhmiú'.

<sup>18</sup> CET1, T1, Ceanglais Caipitil Iomláin

<sup>19</sup> Cóimheas gearála

cistí dílse (bunaithe ar riosca agus bunaithe ar ghíaráil) ar feadh trí bliana ar a laghad (i.e. na cistí dílse is gá chun comhlíonadh iomlán leis na ceanglais stuamachta a chumhdach le linn agus ag deireadh na chéad trí bliana, agus na caillteanais charntha ionchais don tréimhse ama sin á gcur san áireamh);

(b) cur le caipiteal tosaigh na gcaillteanais charntha ionchais don chéad trí bliana;

(c) roghnú an ceann is airde de (a) nó (b)<sup>20</sup>.

Ba cheart go mbeadh údaráis inniúla sásta go bhfuil an meastachán ar na riachtanais cistí dílse faoi litir a) den mhír seo<sup>21</sup> an méid is airde<sup>22</sup> a thagann as an mbunchás nó as an gcás struis throm ach sochreidte<sup>23</sup> den phlean gnó arna athbhreithniú de réir roinn 7.2.6 . Ba cheart d'údaráis inniúla a chinntiú go bhfuil an méid is airde a shainaithnítear amhlaidh mar bhunús chun an caipiteal a ríomh a bhfuiltear ag súil go mbeidh ar fáil ag an institiúid creidmheasa iarrthach tráth an údaráithe mar a shonraítear tuilleadh i roinn 8.3. Cinntear de réir mhír 123 an chuid den chaipiteal a údaraítear le híoc roimh thosach feidhme na ngníomhaíochtaí.

117. Sa chás gurb é an t-údarás inniúil an maoirseoir comhdhlúite, ba cheart dó an tionchar ionchais - bunaithe ar an bplean gnó a ndéantar athbhreithniú air de réir roinn 7.2.6 - ón institiúid creidmheasa nua-údaráithe ar na ceanglais chaipitil ar leibhéal comhdhlúite. Chun na críche seo ba cheart don údarás inniúil brath ar an anailís ar an imlíne comhdhlúthaithe a ndéantar measúnú uirthi de réir mhír 33.

118. Má dhéanann iarratasóir le grúpa baincéireachta iarratas ar tharscaoileadh caipitil de réir Airteagail 7 nó 10 CRR, féadfaidh údaráis inniúla breithniú a dhéanamh, laistigh dá gcumhachtaí lánroghnacha faoi na forálacha thuasluaite, ar incháilitheacht an iarratasóra chun an tarscaoileadh a chur i bhfeidhm ar bhealach docht agus mionchúiseach, agus sainiúlachtaí an iarratais ar údarú á gcur san áireamh.

119. I gcás ina measann an t-údarás inniúil, i bhfeidhmiú a rogha féin, go bhfuil sé in ann measúnú dian agus mionchúiseach a dhéanamh agus go mbunaíonn sé go gcomhlíontar na coinníollacha ábhartha atá leagtha amach sa CRR agus go bhféadfar an tarscaoileadh a dheonú, agus

---

<sup>20</sup> I bhFigióirí 1, 2 agus 3 a tuairiscíodh san Iarscríbhinn, léirítear na cásanna seo a leanas: a) I bhFigióir 1, cuirtear sampla den chás ar fáil ina bhfuil ceanglais chistí dílse níos airde ná na caillteanais tosaigh caipitil agus charnacha bhliantúla; b) i bhFigióir 2, cuirtear sampla den chás ar fáil ina bhfuil an caipiteal tosaigh móide na caillteanais charnacha bliantúla níos airde ná na ceanglais chistí dílse ionchais; c) i bhFigióir 2, cuirtear sampla den chás ar fáil d'athrú ar an méid níos airde de chaipiteal tosaigh agus caillteanais agus riachtanais cistí dílse le linn na dtrí bliana a mheastar chun an caipiteal tráth a údaráithe a chinneadh.

<sup>21</sup> Agus na caillteanais charnacha ionchasacha gaolmhara a úsáidtear chun an méid faoi litir (b) a chinneadh den mhír seo.

<sup>22</sup> I roinnt cásanna is é an cás bunlíne den phlean gnó seachas an cás díobhálach (a cheistíonn an t-údarás inniúil i gceart iad, más gá) a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le ceanglais cistí dílse níos airde a chinneadh (mar gheall, mar shampla, ar fhás gnó níos láidre ) agus mar thoradh ar riachtanais chaipitil níos airde ina n-iomláine (lena n-áirítear ríomh na gcaillteanais ionchasach le linn na dtrí bliana den tréimhse ama phleanála). Sa chás sin, leis na ceanglais cistí dílse ionchais is airde laistigh den chéad tréimhse trí bliana agus na caillteanais charntha don chéad trí bliana de réir an cháis bhunlíne, cinnfí an chainníocht riachtanach caipitil.

<sup>23</sup> Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag breithniú na gcaillteanais a réamh-mheastar sa chás struis leibhéal athléimneachta leordhóthanach a chinntiú don institiúid creidmheasa sa tréimhse tosaigh gníomhaíochta, freisin toisc nach bhfuil an P2R socraithe fós.

tarscaoileadh den sórt sin a dheonaítear tráth an údaraithe, ba cheart an caipiteal ag údarú (agus an íocaíocht ghaolmhar) a chinneadh go comhsheasmhach le míreanna 116 - 117 agus an tarscaoileadh á chur san áireamh.

120. I gcás go measann an t-údarás inniúil nach féidir an tarscaoileadh caipitil a dheonú tráth an údaraithe, ba cheart don údarás inniúil an leibhéal caipitil a chinneadh de réir na modheolaíochta atá leagtha síos i míreanna 116 - 117. I gcásanna ar leith ina ndéanann an t-údarás inniúil measúnú nach féidir an tarscaoileadh a dheonú tráth an údaraithe, ach go bhfuil forais réasúnacha ann chun a mheas go bhféadfaí é a dheonú níos déanaí, féadfaidh an t-údarás inniúil bearta a chur chun feidhme chun tionchar an leibhéil caipitil tráth an údaraithe a mhaolú.

### 8.3 Cáilíocht, íocaíocht agus infhaighteacht caipitil

121. Ba cheart don údarás inniúil leordhóthanacht an chaipitil arna chinneadh de réir roinn 8.2 a fhíorú ar aon dul leis an gcáilíocht a iarrtar faoi na forálacha ábhartha atá leagtha amach i dTeideal I, Cuid a Dó agus a Trí CRR. Go háirithe, de réir Airteagal 12(2) CRD, ní dhéantar caipiteal tosaigh ‘ach de cheann amháin nó níos mó de na míreanna dá dtagraítear in Airteagal 26(1)(a) go (e) de [CRR]’.

122. Ba cheart d’údaráis inniúla a fhíorú go bhfuil caipiteal na hinstitiúide creidmheasa scartha ó shócmhainní an úinéara agus go bhfuil sé ar fáil go hiomlán, láithreach agus gan srian le haghaidh úsáid aonair na hinstitiúide creidmheasa.

123. Is ionann an leibhéal caipitil atá le híoc ina iomláine sula ndeonófar an t-údarú agus an méid is airde díobh seo a leanas:

a) an chuid den chaipiteal arna chinneadh de réir roinn 8.2 a éilítear chun an chéad bhliain gníomhaíochta a chlúdach go hiomlán (i.e. na cistí dílse is gá chun comhlíonadh iomlán leis na ceanglais stuamachta a chumhdach le linn agus ag deireadh an chéad dá mhí dhéag, agus na caillteanais ionchais don tréimhse ama sin á gcur san áireamh); nó

b) an caipiteal tosaigh móide caillteanais na chéad bhliana.

124. Ba cheart d’údaráis inniúla a fhíorú agus a athbhreithniú trí fhianaise leordhóthanach go ndéantar an chuid den chaipiteal a íocadh ina iomláine de réir litreacha a) nó b) thuas a íoc go hiomlán, go bhfuil bunús dlisteanach leis agus go bhfuil sé curtha in áirithe i dtaifid an ghnóthais sula ndeonaítear an t-údarú. Foinse dhlisteanach na gcistí a mheas<sup>24</sup>, ba cheart d’údaráis inniúla na critéir atá leagtha amach i míreanna 14.5 agus 14.6 *Comhthreoirínte*

<sup>24</sup> Ciallaíonn ‘foinse na gcistí’ bunús na gcistí a bhfuil baint acu le caidreamh gnó nó idirbheart ócáideach. Áirítear leis an ngníomhaíocht a ghin na cistí a úsáideadh sa chaidreamh gnó, mar shampla tuarastal an chustaiméara, agus na bealaí trínar aistríodh cistí an chustaiméara. D’fhéadfadh na cistí teacht ó ‘fhoinse rachmais’, rud a chiallaíonn bunús shaibhreas iomlán an chustaiméara, mar shampla oidhreacht nó coigilteas, féach mír 12, litreacha (n) agus (o) de Threoirínte Fachtóir Riosca ML/TF an ÚBE, EBA/GL/2021/02 an 1 Márta 2021, ar fáil ar <https://www.eba.europa.eu/regulation-and-policy/anti-money-laundering-and-e-money/updated-guidelines-on-ml-tf-risk-factors>

*maidir le measúnú stuamachta ar éadail bheartaithe sealúchas cáilitheach*<sup>25</sup>, de chuid ÚMEnna a chur i bhfeidhm i ndáil leis an gníomhaíocht a ghin na cistí agus na modhanna trínar aistríodh iad, ag féachaint cibé an bhféadfadh nó nach bhféadfadh riosca méadaithe de sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a bheith mar thoradh orthu.

125. Gan dochar don mhéid thuas, sna dlínsí sin ina gcaithfear an chuid den chaipiteal i litreacha a) nó b) de mhír 123 a íoc sula dtosaíonn sé ar na gníomhaíochtaí mar institiúid creidmheasa, seachas sula ndeonófar an t-údarú, ba cheart d'údaráis inniúla, chun críche an t-údarú a dheonú, athbhreithniú cúramach a dhéanamh ar an bplean agus ar an spriocdháta cur chun feidhme arna chur isteach ag an iarratasóir de réir Airteagal 6(2) den RTS *ar fhaisnéis le haghaidh údaraithe* <sup>26</sup>d'fhonn a chinntiú go n-íoctar méid caipitil den sórt sin go hiomlán sula gcuirtear tús leis na gníomhaíochtaí mar institiúid creidmheasa agus gur de bhunús dlisteanach é.

Ba cheart go gcuirfeadh an t-údarás inniúil coinníoll sainráite san údarú san áireamh, éifeachtaí an údaraithe a chur ar fionraí go dtí go n-íocfaí go hiarbhír na codanna den chaipiteal a shainaithnítear ann

126. Ba cheart go mbeadh údaráis inniúla sásta go bhfuil plean chur chun feidhme caipitil i bhfeidhm ag an institiúid creidmheasa iarrthach ina dtugtar aghaidh ar an méid caipitil atá gan íoc arna chinneadh de réir roinn 8.2, nár íocadh tráth an údaraithe de réir mhíreanna 123 agus 124 agus atá beartaithe chun gníomhaíochtaí an dara agus an tríú bliain a chumhdach. Ba cheart go léireofaí i bplean forfheidhmithe caipitil den sórt sin cineál na bhfoinsí maoinithe agus uainiú instealltaí caipitil d'fhonn mainneachtain fhéideartha cuspóirí gnó a sheachaint agus tabhú féideartha cailteanais a mbeadh tionchar acu ar chomhlíonadh na n-íoscheanglas caipitil ag an institiúid creidmheasa. Ba cheart athbhreithniú cúramach a dhéanamh ar an gcineál foinsí maoinithe - amhail acmhainní airgeadais príobháideacha scairshealbhóirí, ionstraimí airgeadais arna n-eisiúint nó le heisiúint sna margaí airgeadais agus aon chomhaontú agus conradh a dhéantar maidir le cistí dílse - agus é mar aidhm a chinntiú go bhfuil siad de bhunús dlisteanach agus, bunaithe ar a dtéarmaí agus coinníollacha, go mbeidh siad ar fáil go pras.

<sup>25</sup>JC/GL/2016/01 an 20 Nollaig 2016 maidir le measúnú stuamachta na n-éadálacha agus méaduithe sealúchas cáilitheach san earnáil airgeadais, ar fáil ar: <https://eba.europa.eu/regulation-and-policy/other-topics/joint-guidelines-for-the-prudential-assessment-of-acquisitions-of-qualifying-holdings>

<sup>26</sup>I gcás nár íocadh an caipiteal tosaigh ina iomláine nuair a cuireadh an t-iarratas faoi bhráid an údaráis inniúil, leagfar amach san iarratas an plean atá beartaithe agus an spriocdháta cur chun feidhme lena chinntiú go n-íoctar an caipiteal tosaigh ina iomláine roimh údarú a thabhairt chun tús a chur le gníomhaíocht na n-institiúidí creidmheasa'.

## 9. Rialachas idirnáisiúnta

---

### 9.1 Critéir ghinearálta

127. Ba cheart d'údaráis inniúla athbhreithniú cúramach agus cuimsitheach a dhéanamh ar na socruithe, na próisis agus na sásraí a bhaineann le rialachas inmheánach na hinstiúide creidmheasa iarrthaí, agus iad ag cuimhneamh, de bhun Airteagal 10(2) CRD, i gcás go mainneoidh an instiúid sin bainistíocht riosca fhóna agus éifeachtach a thaispeáint, ba cheart d'údaráis inniúla deonú an údaraithe a dhiúltú.
128. Tá sé mar aidhm ag an CAM a leagtar síos anseo treoir a thabhairt do mheasúnú na n-údarás inniúil ar na doiciméid iarratais a bhaineann le socruithe rialachais inmheánaigh, struchtúr oibríochta, beartais agus próisis. Sa CAM, tugtar treoir ar na príomhghnéithe agus na gnéithe atá le measúnú ag na húdaráis inniúla chun an t-údarú a dheonú agus tá sé gan dochar do chur i bhfeidhm codanna breise de *Treoirlínte an ÚBE ar rialachas inmheánach (an dara hathbhreithniú)*<sup>27</sup>, na *Treoirlínte ÚBE agus ESMA maidir le hoiriúnacht bhaill an chomhlachta bainistíochta agus sealbhóirí príomhfheidhm a mheas (athbhreithnithe)*<sup>28</sup>, *Treoirlínte an ÚBE ar luach saothair (athbhreithnithe)*<sup>29</sup>, *Treoirlínte an ÚBE maidir le socruithe seachfhoinsithe agus*<sup>30</sup> *Treoirlínte an ÚBE maidir le TFC agus bainistíocht riosca urrúis.*<sup>31</sup> Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag measúnú na n-údarás inniúil comhlíonadh na hinstiúide creidmheasa leis na *Treoirlínte UBÉ* dá dtagraítear.
129. Chun críocha na ranna seo, agus go comhsheasmhach le mír 13, cumhdaítear sa chreat rialachais, go háirithe an creat rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear an creat bainistíochta riosca, an riosca ML/TF freisin agus ba cheart é a mheas ar aon dul le *Treoirlínte an ÚBE maidir le Fachtóirí Riosca ML/TF*<sup>32</sup> agus leordhóthanacht bheartais agus nósanna imeachta AML/CFT na n-instiúidí creidmheasa iarrthacha á meas.
130. Ba cheart d'údaráis inniúla tuiscint chuimsitheach a bhaint amach ar an gcaoi a n-eagraítear an instiúid creidmheasa agus dearcadh soiléir ar a struchtúr rialachais agus oibríochta, chomh maith le socruithe, próisis agus sásraí eile, ar cheart a bheith dea-dheartha. Ba cheart go

---

<sup>27</sup> ÚBE/GL/2021/05 an 2 Iúil 2021, ar fáil ar <https://www.eba.europa.eu/guidelines-internal-governance-second-revision>

<sup>28</sup> ÚBE/GL/2021/06 an 2 Iúil 2021, ar fáil ar <https://www.eba.europa.eu/joint-esma-and-eba-guidelines-assessment-suitability-members-management-body-revised>

<sup>29</sup> ÚBE/GL/2021/04 an 2 Iúil 2021, ar fáil ar <https://www.eba.europa.eu/regulation-and-policy/remuneration/guidelines-on-sound-remuneration-policies-second-revision>

<sup>30</sup> ÚBE/GL/2019/02 an 25 Feabhra 2019, ar fáil ar <https://eba.europa.eu/regulation-and-policy/internal-governance/guidelines-on-outsourcing-arrangements>

<sup>31</sup> ÚBE/GL/2019/04 an 29 Samhain 2019, ar fáil ar <https://eba.europa.eu/regulation-and-policy/internal-governance/guidelines-on-ict-and-security-risk-management>

<sup>32</sup> ÚBE/GL/2021/02 an 1 Márta 2021, ar fáil ar <https://www.eba.europa.eu/regulation-and-policy/anti-money-laundering-and-e-money/updated-guidelines-on-ml-tf-risk-factors>



mbeadh trealamh leordhóthanach ag an iarratasóir ionas go measfaí go bhfuil an cumas aige na gníomhaíochtaí spriocdhírthe a dhéanamh ar bhealach fóna stuama.

131. Ba cheart go mbeadh údaráis inniúla sásta go samhlaíonn na doiciméid iarratais socruithe, próisis agus meicníochtaí a léiríonn go leordhóthanach go bhfuil sásraí rialachais soiléire, trédhearcacha agus láidre ann lena gcinnteofar cinnteoireacht éifeachtach agus dea-rialachas, agus go ndéantar na cumhachtaí agus na freagrachtaí a leithdháileadh go soiléir ar gach leibhéal na heagraíochta agus i measc na gcomhlachtaí rialaithe.
132. Ba cheart go gcuirfí san áireamh i ndéine mheasúnú na n-údarás inniúil ar cheanglais rialachais inmheánaigh na critéir comhréireachta atá leagtha amach i míreanna 17 - 21 de na Treoirlínte seo agus próifíl riosca aonair an iarratasóra.
133. Ba cheart go mbeadh an measúnú bunaithe ar na doiciméid agus an fhaisnéis a chuirfidh an institiúid creidmheasa iarrthach isteach de bhun, go háirithe, Airteagal 1, litir l), Airteagal 4, litreacha (g) agus (h) agus Airteagal 5(1), litreacha (b) go (f) den *RTS ar fhaisnéis le haghaidh údaraithe* agus aon doiciméad breise a iarrann an t-údarás inniúil de réir Airteagal 10(1) den RTS sin.

## 9.2 Comhlacht bainistíochta

### 9.2.1 Comhlacht bainistíochta i bhfeidhm bainistíochta agus comhlacht bainistíochta i bhfeidhm maoirseachta

134. Tá sé i gceist ag na Treoirlínte glacadh le gach struchtúr boird atá ann agus ní thacaíonn siad le haon struchtúr ar leith. Ní chuireann siad isteach ar leithdháileadh ginearálta inniúlachtaí de réir dhlí náisiúnta na gcuideachtaí. Dá réir sin, ba cheart iad a chur i bhfeidhm beag beann ar struchtúr an bhoird a úsáidtear (struchtúr aonadach agus/nó débhoird agus/nó struchtúr eile) ar fud na mBallstát. Ba cheart a thuiscint go bhfuil feidhmeanna bainistíochta (feidhmiúcháin) agus maoirseachta (neamhfheidhmiúcháin) ag an gcomhlacht bainistíochta, mar a shainmhínítear i bpointí (7) agus (8) d'Airteagal 3(1) de Threoir 2013/36/AE<sup>33</sup>.
135. Ba cheart d'údaráis inniúla an t-iarratas a athbhreithniú, go háirithe na hairteagail chomhlachais nó doiciméid bhunreachtúla choibhéseacha eile <sup>34</sup>agus téarmaí tagartha an chomhlachta bainistíochta<sup>35</sup>, agus a bheith sásta go gumhdaítear go leordhóthanach sna doiciméid ról agus freagrachtaí an chomhlachta bainistíochta, trína ndéantar idirdhealú idir dualgais na feidhme bainistíochta (feidhmiúcháin) agus na feidhme maoirseachta (neamhfheidhmiúcháin). Ar aon dul leis seo, ba cheart d'údaráis inniúla go háirithe:

- (a) a fhíorú go bhfuil freagracht deiridh agus fhoriomlán ag an gcomhlacht bainistíochta ar an institiúid agus go ndéanann siad na socruithe rialachais laistigh den institiúid a

<sup>33</sup>Mír 8 de Threoirlínte an ÚBE ar rialachas inmheánach. Féach freisin ar aithris 56 de Threoir 2013/36/AE.

<sup>34</sup>Curtha isteach de bhun an RTS ar fhaisnéis le haghaidh údaraithe.

<sup>35</sup>Curtha isteach de bhun an RTS ar fhaisnéis le haghaidh údaraithe.

shainiú, a mhaoirsiú agus a bheith cuntasach as a chinntiú go ndéantar bainistíocht éifeachtach agus stuama ar an institiúid<sup>36</sup>;

(b) a bheith sásta go bhfuil na freagrachtaí a chuirtear ar an gcomhlacht bainistíochta<sup>37</sup> lena n-áirítear cur chun feidhme na nithe seo a leanas a leagan síos, a cheadú agus a mhaoirsiú: a) an straitéis ghnó fhoriomlán agus príomhbheartais na hinstitiúide creidmheasa; b) an straitéis riosca fhoriomlán, lena n-áirítear inghlacthacht riosca na hinstitiúide creidmheasa, a creat bainistíochta riosca agus bearta chun a chinntiú go gcaitheann an comhlacht bainistíochta dóthain ama ar shaincheisteanna riosca agus ar chomhlíonadh a feidhme; c) creat rialachais inmheánaigh agus rialaithe inmheánaigh leordhóthanach agus éifeachtach ina gcuimsítear struchtúr eagraíochtúil soiléir agus feidhmeanna dea-fheidhmiúla, neamhspleácha bainistíochta riosca inmheánaí, comhlíonta agus iniúchta a bhfuil údarás, stádas agus acmhainní leordhóthanacha acu chun a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh; d) creat rialachais inmheánaigh agus rialaithe inmheánaigh leordhóthanach agus éifeachtach, chun comhlíonadh na gceanglas is infheidhme a chinntiú, lena n-áirítear i gcomhthéacs cosc a chur ar sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta; e) méideanna, cineálacha agus dáileadh caipitil inmheánaigh agus caipitil rialála araon chun rioscaí na hinstitiúide a chumhdach go leordhóthanach; f) spriocanna do bhainistíocht leachtachta na hinstitiúide; g) beartas luach saothair mar a thuiriscítear i míreanna 170 agus 171; h) socrúithe maidir le hoiriúnacht, comhdhéanamh, éifeachtúlacht agus pleanáil chomharbais aonair agus comhchoiteann an chomhlachta bainistíochta; i) próiseas measúnaithe roghnúcháin agus oiriúnachta do phríomhfheidhmeannaigh<sup>38</sup>; j) socrúithe atá dírithe ar fheidhmiú inmheánach gach coiste den chomhlacht bainistíochta a chinntiú, nuair a bhunófar é<sup>39</sup>; k) cultúr riosca ina dtugtar aghaidh ar fheasacht riosca agus ar iompar riosca na hinstitiúide; l) cultúr agus luachanna corparáideacha a chothaíonn iompar freagrach agus eiticíúil, lena n-áirítear cód iompair nó ionstraim dá shamhail; m) beartas coinbhleachta leasa ar leibhéal institiúideach agus foirne; agus n) socrúithe atá dírithe ar shláine na gcóras cuntasáochta agus tuairiscithe airgeadais a chinntiú, lena n-áirítear rialuithe airgeadais agus oibríochta agus comhlíonadh an dlí agus na gcaighdeán ábhartha;

(c) a bheith sásta go samhlaítear san iarratas agus é ag socrú, ag ceadú agus ag déanamh maoirseachta ar chur chun feidhme na gcúraimí dá dtagraítear i litir (b) thuas, gur cheart go mbeadh sé mar aidhm ag an gcomhlacht bainistíochta samhail ghnó inbhuanaithe a

<sup>36</sup> Mír 19 de Threoirlínte an ÚBE ar rialachas inmheánach.

<sup>37</sup> Féach mír 22 de Threoirlínte an ÚBE ar rialachas inmheánach.

<sup>38</sup> Mar a shainmhínítear i *dTreoirlínte an ÚBE ar rialachas inmheánach*, is é an bhrí atá leis an nath 'príomhshealbhóir feidhme' ná 'daoine a bhfuil tionchar suntasach acu ar threoir na hinstitiúide ach nach bhfuil ina mbaill den chomhlacht bainistíochta agus nach iad an POF. Áirítear leo ceannairí na bhfeidhmeanna rialaithe inmheánaigh agus an CFO, i gcás nach baill iad den chomhlacht bainistíochta, agus, i gcás ina n-aithníonn institiúidí iad trí chur chuige riosca-bhunaithe, príomhfheidhmeannaigh. D'fhéadfadh go mbeadh ceannairí línte suntasacha gnó, brainsí an Limistéir Eacnamaíoch Eorpaigh / Comhlachas Saorthrádála na hEorpa, fochuideachtaí tríú tír agus feidhmeanna inmheánacha eile san áireamh'. Féach freisin ar Threoirlínte Comhphárteacha maidir le hoiriúnacht chomhaltá an chomhlachta bainistíochta agus príomhfheidhmeannaigh a mheas.

<sup>39</sup> De réir mhír 22(i) de *Threoirlínte an ÚBE ar rialachas inmheánach*, ba cheart go sonrúfaí sna socrúithe sin 'i. ról, comhdhéanamh agus tascanna de gach ceann acu; ii. sreabhadh faisnéise iomchuí, lena n-áirítear doiciméadú moltaí agus conclúidí, agus línte tuairiscithe idir gach coiste agus an comhlacht bainistíochta, údaráis inniúla agus páirtithe eile'.

chinntiú trína gcuirtear gach riosca san áireamh, lena n-áirítear rioscaí comhshaoil, sóisialta agus rialachais;

- (d) a bheith sásta go samhlaítear sna doiciméid iarratais ábhartha socruithe atá dírithe ar a chinntiú go ndéantar measúnuithe oiriúnachta aonair agus comhchoiteanna an chomhlachta bainistíochta go héifeachtach, go sainítear ról agus freagrachtaí an chathaoirligh go soiléir, go bhfuil comhdhéanamh agus pleanáil chomharbais an chomhlachta bainistíochta oiriúnach, agus go gcomhlíonfaidh an comhlacht bainistíochta a fheidhmeanna go héifeachtach, i gcomhréir le *Treoirlínte an ÚBE ar rialachas inmheánach agus Treoirlínte an ÚBE ar mheasúnú oiriúnachta*;
- (e) a mheas go gcuirfead de chúram ar an gcomhlacht bainistíochta ina fheidhm bainistíochta na straitéisí a bhunaíonn an comhlacht bainistíochta a chur chun feidhme agus plé a dhéanamh go rialta ar chur chun feidhme agus oiriúnach na straitéisí sin leis an gcomhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta. Ba cheart go dtabharfaí cumhacht don chomhlacht bainistíochta ina fheidhm bainistíochta dúshlán cuiditheach a thabhairt agus tograí, mínithe agus faisnéis a fhaightear a athbhreithniú go criticiúil agus a breithiúnas á fheidhmiú agus cinntí á ndéanamh faoi straitéis na hinstiúide;<sup>40</sup>
- (f) a bheith sásta, gan dochar do na freagrachtaí a shanntar faoin dlí náisiúnta cuideachta is infheidhme, gur cheart go n-áireofaí ar chúraimí an chomhlachta bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta<sup>41</sup>: a) maoirseacht agus faireachán a dhéanamh ar chinnteoireacht agus ar ghníomhartha bainistíochta agus maoirseacht éifeachtach ar an gcomhlacht bainistíochta a sholáthar ina fheidhm bainistíochta, lena n-áirítear faireachán agus grinnscrúdú a dhéanamh ar a fheidhmíocht aonair agus chomhchoiteann agus straitéis agus cuspóirí na hinstiúide a chur chun feidhme; b) éifeachtacht chreat rialachais inmheánaigh na hinstiúide creidmheasa a chinntiú agus a mheasúnú ar bhonn tréimhsiúil agus céimeanna iomchuí a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar aon easnaimh aitheanta; c) maoirseacht agus faireachán a dhéanamh ar cibé an gcuirtear nó nach gcuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach cuspóirí straitéiseacha, struchtúr eagrúcháin agus straitéis riosca na hinstiúide creidmheasa, lena n-áirítear a hinghlacthacht riosca agus a creat bainistíochta riosca, chomh maith le beartais eile (e.g. beartas luach saothair) agus an creat um nochtadh; d) faireachán a dhéanamh ar cibé an gcuirtear nó nach gcuirtear cultúr riosca na hinstiúide creidmheasa i bhfeidhm go comhsheasmhach; e) maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar chothabháil cód iompair nó ar bheartais chomhchosúla agus éifeachtacha chun coinbhleachtaí leasa iarbhír agus féideartha a aithint, a bhainistiú agus a mhaolú; f) maoirseacht a dhéanamh ar shláine na faisnéise airgeadais agus an tuairiscithe, agus an chreata rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear creat bainistíochta riosca éifeachtach agus fóna; g) a chinntiú go bhfuil ceannairí na bhfeidhmeanna rialaithe inmheánaigh in ann gníomhú go neamhspleách agus go ndéanann siad amhlaidh, beag beann ar an bhfreagracht tuairisciú chuig comhlachtaí inmheánacha eile, chuig línte gnó nó chuig

<sup>40</sup> Féach mír 30 de Threoirlínte an ÚBE ar rialachas inmheánach.

<sup>41</sup> Féach mír 34 de Threoirlínte an ÚBE ar rialachas inmheánach.

anoid, go bhféadfaidh siad imní a ardú agus rabhadh a thabhairt don chomhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta go díreach, nuair is gá, nuair a théann forbairtí riosca díobhálacha i bhfeidhm ar an institiúid nó a bhféadfadh tionchar a bheith acu uirthi; agus h) faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an phlean iniúchta inmheánaigh, tar éis do na coistí riosca agus iniúchta a bheith rannpháirteach roimh ré, i gcás ina mbunófar na coistí sin;

- (g) a fhíorú go n-áirítear sna doiciméid iarratais ábhartha a bhaineann leis na coistí a bhunófar a gcomhcheangal, a gcomhdhéanamh, a ról agus a leithdháileadh dualgas agus tascanna idir coistí speisialaithe an chomhlachta bainistíochta, de réir fhorálacha ábhartha *Treoirlínte an ÚBE ar rialachas inmheánach*.

136. De réir Airteagal 46(4) de Threoir 2015/849 (AMLD), ba cheart d'údaráis inniúla a fhíorú freisin go samhlaítear sna doiciméid iarratais go n-aithneofar an ball den chomhlacht bainistíochta a bheidh freagrach as na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin a chur chun feidhme, a bheidh riachtanach chun ceanglais AML/CTF a chomhlíonadh.

### **9.2.2 Measúnú oiriúnachta ar an gcomhlacht bainistíochta agus ar na príomhfheidhmeannaigh**

137. De réir Airteagal 13(1), an dara fo-mhír, ba cheart d'údaráis inniúla CRD baill chomhlacht bainistíochta na hinstitiúide creidmheasa a chur faoi réir measúnú oiriúnachta agus ba cheart dóibh diúltú do dheonú an údaráithe i gcás nach gcomhlíonann siad na ceanglais atá leagtha amach in Airteagal 91(1) CRD.

138. Nuair is infheidhme, ba cheart d'údaráis inniúla na príomhfheidhmeannaigh a chur faoi réir measúnaithe oiriúnachta, mar a shainmhínítear i *dTreoirlínte an ÚBE ar rialachas inmheánach*.

139. Ba cheart measúnú oiriúnachta den sórt sin a dhéanamh i gcomhréir leis na *Treoirlínte ÚBE agus ESMA ar mheasúnú oiriúnachta an chomhlachta bainistíochta agus na bpríomhfheidhmeannach*.

## **9.3 An struchtúr eagrúcháin**

140. Ba cheart d'údaráis inniúla a fhíorú go léiríonn struchtúr eagrúcháin na hinstitiúide creidmheasa eagraíocht dhaindean leis an infhaighteacht de línte tuairiscithe éifeachtacha, leithdháileadh freagrachtaí agus tomhas agus bainistíocht riosca lena n-áirítear faireachán ina dhiaidh sin, d'fhonn bainistíocht fhónta stuama na hinstitiúide creidmheasa a chinntiú. Ba cheart go n-áireofaí san athbhreithniú freisin an chairt eagrúcháin ina leagtar síos an eagraíocht inmheánach atá beartaithe i dtéarmaí ranna, rannáin, foirne agus leithdháileadh gaolmhar foirne.

141. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheas go cúramach cibé an bhfuil nó nach bhfuil an struchtúr eagrúcháin arna chur isteach - lena n-áirítear an méid réamh-mheasta, an uimhir FTE agus na córais - ar cóimhéid leis an tsamhail ghnó, na cineálacha agus dáileadh geografach na

ngníomhaíochtaí agus na rioscaí a bhfuil sé beartaithe ag an institiúid creidmheasa iarrthach tabhairt fúthu. Ba cheart, dá bhrí sin, go dtacódh an plean gnó a ndéantar athbhreithniú air de réir roinn 7 de na Treoirí seo le measúnú den sórt sin.

142. Chun críocha an t-údarú a dheonú nó chun tús a chur leis na gníomhaíochtaí de réir mar a bheidh, ba cheart go mbeadh údaráis inniúla sách sásta leis an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le cur chun feidhme na struchtúr eagrúcháin, lena n-áirítear an dul chun cinn maidir leis an bpearsanra luaite a fhostú leis na cáilíochtaí leordhóthanacha.
143. Ba cheart d'údaráis inniúla aird ar leith a thabhairt ar a sheachaint go ndéanfaí struchtúir neamh-thrédhearcacha nó chasta gan ghá a bhunú nach bhfuil aon réasúnaíocht eacnamaíoch nó cuspóir dlíthiúil soiléir acu nó a d'fhéadfaí a úsáid chun cuspóir atá ceangailte le sciúradh airgid nó le coireanna airgeadais eile<sup>42</sup>.
144. Nuair a bheartaíonn an plean gnó struchtúir a bhunú i ndlínsí eile, ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh éifeachtach na ndlínsí sin le 'caighdeáin AE agus idirnáisiúnta maidir le trédhearcacht cánach, AML agus CFT'<sup>43</sup>. Ba cheart dóibh freisin measúnú a dhéanamh ar a mhéid a fhreastalaíonn an struchtúr atá beartaithe ar chuspóir eacnamaíoch soiléir agus dleathach, nó a mhéid a d'fhéadfaí é a úsáid chun aitheantas an úinéara thairbhiúil deiridh a cheilt, nó cibé an bhfuil nó nach bhfuil an straitéis ghnó (lena n-áirítear iarratas an chustaiméara atá mar bhunús leis an struchtúr a chur ar bun) ina cúis imní. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheas cibé an gcuireann nó nach gcuireann an struchtúr cosc ar mhaoirseacht iomchuí ag comhlacht bainistíochta na hinstitiúide nó ar chumas na hinstitiúide an riosca gaolmhar a bhainistiú, agus cibé an gcuireann nó nach gcuireann an struchtúr constaicí ar údaráis inniúla maoirseacht éifeachtach a dhéanamh<sup>44</sup>.

### 9.3.1 Luachanna corparáideacha, cultúr riosca, cód iompair agus beartais rialachais

145. Ba cheart d'údaráis inniúla a fhíorú go gcinntíonn téarmaí tagartha an chomhlachta bainistíochta a bhaineann le luachanna corparáideacha go ndéanfar ardchaighdeáin eiticíúla agus ghairmiúla a ghlacadh, a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm, ag cruthú timpeallacht ina bhfuil dúshlán éifeachtach ann ina gcuirtear raon tuairimí chun cinn sna próisis chinnteoireachta.
146. Go comhsheasmhach le hAirteagal 5(1), litir c) n. (ii), an cúigiú fleasc de *RTS ar fhaisnéis le haghaidh údaraithe*, ba cheart d'údaráis inniúla athbhreithniú a dhéanamh freisin ar bhreac-

<sup>42</sup> In Alt 76 de *Threoirí an ÚBE ar rialachas inmheánach*, foráiltear: 'Ba cheart go seachnódh institiúidí struchtúir chasta a d'fhéadfadh a bheith neamh-trédhearcach a bhunú. Ba cheart d'institiúidí torthaí measúnaithe riosca a dhéantar a chur san áireamh le linn a cinnteoireacht chun a aithint cibé an bhféadfaí nó nach bhféadfaí struchtúir den sórt sin a úsáid chun críche a bhaineann le sciúradh airgid nó coireanna airgeadais eile agus na rialuithe agus an creat dlíthiúil faoi seach i bhfeidhm [...]'.  
<sup>43</sup> I Mír 76, litir (a) de *Threoirí an ÚBE ar rialachas inmheánach*, foráiltear: 'a mhéid a chomhlíonann an dlínse ina mbunófar an struchtúr go héifeachtach le caighdeáin AE agus idirnáisiúnta maidir le trédhearcacht cánach, frith-sciúradh airgid agus cur i gcoinne mhaoiniú na sceimhlitheoireachta;'.  
<sup>44</sup> Mír 76 litir a) go f) de *Threoirí an ÚBE ar rialachas inmheánach*.

chuntas an bheartais a chuireann éagsúlacht an chomhlachta bainistíochta chun cinn agus a bheith sásta go bhfuil sé ag teacht leis na critéir atá leagtha amach in Airteagal 88(2)(a) CRD agus leagtar síos, de réir mar is cuí, sprioc cháilíochtúil nó chainníochtúil chun an éagsúlacht a chur chun cinn, agus do mhinicíocht an mheasúnaithe.

### 9.3.2 Beartas um choinbhleachtaí leasa

147. Ba cheart d'údaráis inniúla a fhíorú go gcuirtear le breac-chuntas ar an mbeartas coibhleachtaí leasa freagracht ar an gcomhlacht bainistíochta as 'cur chun feidhme agus cothabháil beartas éifeachtach a bhunú, a cheadú agus a mhaoirsiú chun coibhleachtaí leasa iarbhir agus féideartha ar leibhéal institiúide a shainithint, a mheas, a bhainistiú agus a mhaolú nó a chosc' agus idir an institiúid agus an fhoireann chomh maith, lena n-áirítear an comhlacht bainistíochta agus na baill teaghlaigh is dlúithe den fhoireann<sup>45</sup>.

148. Maidir le coibhleachtaí leasa ar leibhéal na hinstitiúide, ba cheart go mbeadh údaráis inniúla sásta go n-éilíonn breac-chuntas an bheartais coibhleachtaí leasa go ndéanfaí bearta '[i]nstitiúidí chun coibhleachtaí leasa a bhainistiú nó nuair is iomchuí coibhleachtaí leasa a mhaolú<sup>46</sup>' agus go gcuirtear san áireamh deighilt iomchuí idir dualgais, bacainní faisnéise agus nósanna imeachta maidir le hidirbhearta le páirtithe gaolmhara.

149. Maidir le coibhleachtaí leasa ar leibhéal na foirne, ba cheart go mbeadh údaráis inniúla sásta go gcumhdaítear ar a laghad sa bheartas na cásanna a shamhlaítear i mír 109 de *Threoirlínte an ÚBE ar rialachas inmheánach*<sup>47</sup>, agus go samhlaítear 'nósanna imeachta, bearta, ceanglais doiciméadaithe agus freagrachtaí as coibhleachtaí leasa a shainithint agus a chosc, d'fhonn a n-ábharthacht a mheas agus as bearta maolaitheacha a ghlacadh'.

### 9.3.3 Sceithreacht, drochúsáid margaidh, rialachas táirgí, cosaint tomhaltóirí, láimhseáil gearán

150. Ba cheart go gcinnteofaí in athbhreithniú na n-údarás inniúil ar imlínte an bheartais sceithreachta go bhféadfaidh baill foirne sáruihte féideartha nó iarbhir ar cheanglais rialála nó inmheánacha a thuairisciú go sábháilte. Chun coibhleachtaí leasa a sheachaint, ba cheart go

<sup>45</sup> Féach ranna 11 agus 12 de *Threoirlínte an ÚBE ar rialachas inmheánach*.

<sup>46</sup> Féach mír 107 de *Threoirlínte an ÚBE ar rialachas inmheánach*.

<sup>47</sup> Mír 111 de *Threoirlínte an ÚBE ar rialachas inmheánach* foráiltear: 'Ba cheart go gcumhdófaí sa bheartas na cásanna nó na caidrimh seo a leanas ar a laghad ina bhféadfadh coibhleachtaí leasa teacht chun cinn:

a. leasanna eacnamaíochta (e.g. scaireanna, cearta úinéireachta eile agus ballraíochtaí, sealúchais airgeadais agus leasanna eacnamaíochta eile i gcustaiméirí tráchtála, cearta maoinéireachta, iasachtaí arna ndeonú ag an institiúid do chuideachta ar leis an bhfoireann í, ballraíocht i gcomhlacht nó úinéireacht comhlachta nó eintitis le leasanna contrártha);

b. caidrimh phearsanta nó ghairmiúla le húnéirí sealúchais cáilitheach san institiúid;

c. caidrimh phearsanta nó ghairmiúla le foireann na hinstitiúide nó na n-eintiteas a chuimsítear faoi raon an chomhdhlúthaithe stuamachta (e.g. caidrimh teaghlaigh);

d. fostaíocht eile agus fostaíocht roimhe seo le blianta beaga anuas (e.g. cúig bliana);

e. caidrimh phearsanta nó ghairmiúla le páirtithe leasmhara seachtracha ábhartha (e.g. baint a bheith acu le soláthraithe ábhair, sainchomhairliúcháin nó soláthraithe seirbhíse eile); agus

f. tionchar polaitiúil nó caidrimh pholaitiúla'.

mbeadh sé indéanta d'fhoireann sárúithe a thuirisciú lasmuigh de línte tuairiscithe rialta. Ba cheart go n-áiritheofaí sna nósanna imeachta foláirimh go gcosnófaí sonraí pearsanta an duine a thuiriscíonn an sárú agus an duine nádúrtha a líomhnaítear de bheith freagrach as an sárú de réir Rialachán (AE) 2016/679, an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

151. Ba cheart go mbeadh údaráis inniúla sásta go gcumhdaítear le breac-chuntas ar an mbeartas an próiseas chun faisnéis a láimhseáil ar shárú féideartha nó iarbhir agus cosaint an duine a thuiriscíonn é de réir *Threoirlínte an ÚBE ar rialachas inmheánach*.
152. Ba cheart go gcinnteofaí in athbhreithniú na n-údarás inniúil ar bhreac-chuntas an bheartais um dhrochúsáid mhargaidh go gcloíonn an institiúid creidmheasa le caighdeáin iomchuí a choisceann drochúsáid mhargaidh. Ba cheart go n-áireofaí ann go háirithe an próiseas chun na sárúithe ar dhrochúsáid mhargaidh a shainathint, a bhainistiú agus a thuirisciú.
153. Ba cheart d'údaráis inniúla é sin a fhíorú, de réir *Treoirlínte an ÚBE maidir le maoirseacht táirgí agus socruithe rialachais do tháirgí baincéireachta miondíola*<sup>48</sup>, go gcinntítear le himlíne an bheartais um rialachas táirgí go gcuirfidh an institiúid creidmheasa iarrthach, ag gníomhú di mar mhonaróir agus/nó dáileoir, beartas fóna rialachais táirgí chun feidhme lena bhforáiltear do phróisis, d'fheidhmeanna agus do straitéisí inmheánacha (i) chun a chinntiú go gcuirfear leasanna, cuspóirí agus tréithe tomhaltóirí san áireamh, (ii) chun dochar féideartha tomhaltóra a sheachaint agus (iii) chun coinbhleachtaí leasa a íoslaghdú.
154. Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag athbhreithniú na n-údarás inniúil ar imlíne an bheartais um chosaint tomhaltóirí a chinntiú go mbunóidh an institiúid creidmheasa iarrthach beartas fóna um chosaint tomhaltóirí chun faisnéis leordhóthanach a sholáthar do thomhaltóirí agus chun iad a chosaint. Ba cheart go gcinnteodh na himlínte go háirithe go gcomhlíonann an beartas um chosaint tomhaltóirí an creat rialála agus go soláthraíonn sé oiliúint leordhóthanach don fhoireann ábhartha. Chuige sin, ba cheart go gcumhdófaí ann caighdeáin agus prionsabal, faireachán ar chomhlíonadh agus feasacht foirne.
155. Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm in athbhreithniú na n-údarás inniúil ar imlínte an bheartais um láimhseáil gearán a chinntiú go dtabharfaidh an institiúid creidmheasa cosaint leordhóthanach do thomhaltóirí i gcomhlíonadh na gceanglas rialála is infheidhme. Ba cheart go gcumhdófaí san imlíne an próiseas um ghearáin a fháil, a mheas agus a fhreagairt.

## 9.4 Creat rialaithe inmheánaigh

156. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheas cibé an bhfuil nó nach bhfuil creat rialaithe inmheánach iomchuí ag an institiúid creidmheasa iarrthach atá ar cóimhéid le gníomhaíochtaí, samhail ghnó, castacht agus rioscaí gaolmhara na hinstiúide creidmheasa (e.g. cliaint a fháil ar líne, cosaint agus socruithe cibearshlándála). Ba cheart go mbeadh údaráis inniúla sásta le

---

<sup>48</sup> ÚBE/GL/2015/18 ar fáil ar <https://www.eba.europa.eu/guidelines-on-product-oversight-and-governance-arrangements-for-retail-banking-products>

leordhóthanacht na n-acmhainní daonna leithdháilte i dtéarmaí líon FTEanna agus cáilíochtaí, oiriúnacht na gcóras agus an bhuiséid chun tacú le seoladh na dtascanna.

157. Ba cheart d'údaráis inniúla na doiciméid iarratais a athbhreithniú agus a bheith sásta go ligfidh leithdháileadh tascanna agus freagrachtaí don chomhlacht bainistíochta struchtúr a n-institiúide creidmheasa a bheith ar an eolas go hiomlán aige agus<sup>49</sup> 'a chinntiú go bhfuil na feidhmeanna rialaithe inmheánaigh neamhspleách ar na línte gnó a rialaíonn siad, lena n-áirítear go bhfuil deighilt leordhóthanach idir dualgais, agus go bhfuil na hacmhainní airgeadais agus daonna cuí acu chomh maith le cumhachtaí chun a ról a chomhlíonadh go héifeachtach. Ba cheart go mbeadh na línte tuairiscithe agus leithdháileadh freagrachtaí, go háirithe i measc príomhfheidhmeannach, laistigh den institiúid creidmheasa soiléir, dea-shainmhínithe, comhleanúnach, infheidhmithe agus doiciméadaithe go cuí<sup>50</sup>.
158. Ba cheart d'údaráis inniúla dearcadh soiléir a bhaint amach go gcumhdaítear sa chreat rialaithe inmheánaigh gach réimse den institiúid agus go léirítear ann an tsamhail um na trí líne cosanta chun na feidhmeanna a shainithint chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí agus iad a bhainistiú.
159. Chun na críche seo, ba cheart d'údaráis inniúla a fhíorú go bhfuil socruithe i bhfeidhm chun a chinntiú go mbeidh aonaid ghnó agus tacaíochta, an chéad líne chosanta, freagrach ar an gcéad dul síos as na rioscaí a thabhaíonn siad agus iad i mbun a gcuid gníomhaíochtaí a shainithint agus a bhainistiú agus as próisis agus rialuithe leordhóthanacha a bhunú agus a choinneáil chun a chinntiú go ndéantar rioscaí den sórt sin a anailísiú, a thomhas, go ndéantar faireachán orthu, go ndéantar iad a thuairisciú go cuí agus a choinneáil laistigh de theorainneacha inghlacthacht riosca na hinstitiúide creidmheasa agus go gcomhlíonann siad ceanglais rialála inmheánacha agus seachtracha.
160. Is í an fheidhm bainistíochta riosca agus an fheidhm chomhlíonta, an dara líne chosanta, mar aon leis an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh, arb é an tríú líne cosanta í, na feidhmeanna rialaithe inmheánaigh laistigh den chreat rialaithe inmheánaigh. Ba cheart d'údaráis inniúla a fhíorú go mbunófar iad, agus na critéir comhréireachta atá leagtha amach i míreanna 17 - 21 á gcur san áireamh, agus go dtabharfar údarás, stádas agus rochtain dhíreach chuí dóibh ar an gcomhlacht bainistíochta chun a misean a chomhlíonadh.
161. D'fhonn a chinntiú go gcomhlíonann na feidhmeanna rialaithe inmheánaigh ceanglais neamhspleáchais<sup>51</sup>, ba cheart d'údaráis inniúla a fhíorú, bunaithe ar na doiciméid iarratais, go bhfuiltear ag súil:
- (a) nach gcomhlíonann a bhfoireann aon chúraimí oibríochta a thagann faoi raon feidhme na ngníomhaíochtaí a bhfuil sé i gceist ag na feidhmeanna rialaithe inmheánaigh faireachán agus rialú a dhéanamh orthu;

<sup>49</sup> Mír 71 de Threoirlínte an ÚBE ar rialachas inmheánach.

<sup>50</sup> Mír 68 de Threoirlínte an ÚBE ar rialachas inmheánach

<sup>51</sup> Féach mír 175 de Threoirlínte an ÚBE ar rialachas inmheánach.



- (b) go bhfuil siad ar leithligh ó thaobh eagraíochta de ó na gníomhaíochtaí a shanntar dóibh chun faireachán agus rialú a dhéanamh orthu;
  - (c) d'ainneoin fhreagracht fhoriomlán bhaill an chomhlachta bainistíochta as an institiúid, nár cheart go mbeadh ceann feidhme rialaithe inmheánaigh faoi dhuine a bhfuil freagracht air as bainistíocht a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí a ndéanann an fheidhm rialaithe inmheánaigh faireachán orthu agus a rialú;
  - (d) nár cheart luach saothair fhoireann na bhfeidhmeanna rialaithe inmheánaigh a nascadh le feidhmíocht na ngníomhaíochtaí a ndéanann an fheidhm rialaithe inmheánaigh faireachán orthu agus a rialú, agus nach dóigh go gcuirfeadh siad a n-oibiachtúlacht i gcontúirt.
162. Ba cheart d'údaráis inniúla a fhíorú go gcomhlíonann ceannairí na bhfeidhmeanna rialaithe inmheánaigh na ceanglais seo a leanas:
- a) go mbunófar é ar leibhéal ordlathach leordhóthanach a thabharfaidh an t-údarás agus an stádas iomchuí do cheann na feidhme rialaithe is gá chun a fhreagrachtaí nó a freagrachtaí a chomhlíonadh;
  - b) go mbeidh siad neamhspleách ar na línte nó na haonaid ghnó a rialaíonn siad;
  - c) go dtuairisceoidh sé agus go mbeidh sé cuntasach go díreach don chomhlacht bainistíochta, agus ba cheart don chomhlacht bainistíochta athbhreithniú a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht;
  - d) nuair is gá, beidh rochtain agus tuairisciú díreach aige don chomhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta d'fhonn imní a ardú agus rabhadh a thabhairt don fheidhm mhaoirseachta, nuair is iomchuí, nuair a théann forbairtí sonracha i bhfeidhm ar an institiúid nó nuair a bhféadfadh siad dul i bhfeidhm uirthi.

163. D'fhonn a chinntiú gur féidir feidhmeanna rialaithe inmheánaigh a fheidhmiú go héifeachtach, ba cheart d'údaráis inniúla a bheith sásta go ndéantar dóthain acmhainní buiséadacha agus daonna a leithdháileadh orthu a bhfuil cáilíochtaí leordhóthanacha acu, ag féachaint do chineálacha na ngníomhaíochtaí spriocdhírthe, agus do chóras TFC iomchuí agus don tacaíocht atá ar fáil dóibh.

#### **9.4.2 Feidhm um bainistiú riosca**

164. Ba cheart go mbeadh údaráis inniúla sásta, mar chuid den chreat rialaithe inmheánaigh, go mbeidh creat bainistíochta riosca iomlánaíoch ar fud na hinstitiúide creidmheasa ag an institiúid creidmheasa, ag aithint substainte eacnamaíche de neamhchosaintí riosca uile na hinstitiúide creidmheasa.

165. Ba cheart go mbeadh údaráis inniúla sásta go n-éascóidh an fheidhm bainistíochta riosca (RMF) cur chun feidhme creata bainistíochta riosca fóna ar fud na hinstitiúide agus go gcumhdaítear lena ról laistigh den institiúid creidmheasa a rannpháirtíocht i: a) straitéis riosca agus cinneadh;

b) meastóireacht ar athruithe ábhartha; c) rioscaí a aithint, a thomhas, a mheas, a bhainistiú, a mhaolú, faireachán a dhéanamh orthu agus iad a thuairisciú; d) measúnú ar sháruithe ar inghlacthacht nó teorainneacha riosca agus moladh leigheasanna. Chun na críche seo, ba cheart d'údaráis inniúla imlíne na straitéise chun rioscaí den sórt sin a bhainistiú a athbhreithniú agus a mheasúnú agus lena n-áirítear ráiteas maidir le lamháltas agus inghlacthacht riosca agus bearta chun an riosca measúnaithe a ailíniú leis an inghlacthacht riosca.

166. Maidir le ról an RMF sa straitéis riosca agus sa chinnteoireacht, ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag athbhreithniú na n-údarás inniúil a fhíorú go samhlaítear san iarratas rannpháirtíocht ghníomhach an RMF ag céim luath sa ghnóthas leantach maidir le straitéis riosca na hinstiúide creidmheasa a mhionsaothrú, chun a chinntiú go mbeidh próisis éifeachtacha bainistíochta riosca i bhfeidhm ag an instiúid creidmheasa agus maidir leis an bhfaisnéis ábhartha uile a bhaineann le riosca a sholáthar don chomhlacht bainistíochta chun leibhéal inghlacthacht riosca na hinstiúide creidmheasa a shocrú. Ba cheart d'údaráis inniúla a chinntiú go bhfuil sé beartaithe go ndéanfaidh an RMF stóinseacht agus inbhuanaitheacht na straitéise riosca agus an inghlacthacht riosca a mheas agus go n-aistreofar go cuí inghlacthacht go teorainneacha riosca ar leith, lena n-áirítear ar leibhéal na n-aonad gnó, agus go bhfuil baint aige sula ndéanfaidh an comhlacht bainistíochta cinneadh maidir leis na straitéisí riosca.

167. Maidir le ról an RMF i meastóireacht ar athruithe ábhartha, ba cheart d'údaráis inniúla a fhíorú go bhfuiltear ag súil go mbeidh baint ag an RMF sula ndéanfar cinntí ar idirbhearta eisceachtúla, d'fhonn tionchar na n-athruithe sin agus idirbhearta eisceachtúla ar riosca foriomlán na hinstiúide creidmheasa a mheas, agus a thorthaí a thuairisciú go díreach don chomhlacht bainistíochta sula nglacfar cinneadh.

168. Maidir le ról an RMF i sainaitheint, tomhas, faireachán, maolú agus tuairisciú riosca agus comhchruinniú riosca gaolmhar atá le formheas ag an gcomhlacht bainistíochta, ba cheart d'údaráis inniúla a chinntiú go bhfuil beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm agus go mbeidh rochtain ag an RMF ar gach líne ghnó agus aonaid eile a d'fhéadfadh rioscaí a ghiniúint.

169. Ba cheart go n-áireofaí i ról an RMF freisin measúnú neamhspleách ar sháruithe ar inghlacthacht nó teorainneacha riosca (lena n-áirítear an chúis a aimsiú agus anailís dlí agus eacnamaíoch a dhéanamh ar an gcostas iarbhír a bhaineann le dúnadh, laghdú nó fálú na risíochta i gcoinne an chostais fhéideartha a choimeád). Ba cheart a shamhlú go gcuirfidh an RMF na haonaid ghnó lena mbaineann agus an comhlacht bainistíochta ar an eolas, agus go molfaidh sé leigheasanna féideartha. Chun na críche seo, ba cheart go mbeadh sé ábalta tuairisciú go díreach don chomhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta nuair a bhíonn an sárú ábhartha, gan dochar don RMF tuairisciú d'fheidhmeanna agus do choistí inmheánacha eile.

### 9.4.3 Beartas um luach saothair

170. Maidir le breac-chuntas ar an mbeartas um luach saothair, i dteannta le measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas maidir le neodracht inscne faoi Airteagal 92(2)(aa) CRD, ba

cheart go dtabharfadh údaráis iniúla aird ar leith ar fhíorú go bhfuil breac-chuntais an bheartais a bhaineann le baill foirne a bhfuil tionchar ábhartha ag a ngníomhaíochtaí gairmiúla ar phróifíl riosca na hinstitiúide creidmheasa<sup>52</sup> ar aon dul le hAirteagal 94 CRD agus le *Treoirlínte an ÚBE ar bheartas luach saothair*.

171. Go háirithe, ba cheart dóibh a mheas cibé : a) an bhfuil nó nach bhfuil breac-chuntas an bheartais luach saothair ar aon dul le hinghlachtacht riosca na hinstitiúide, a straitéis ghnó agus a leasanna fadtéarmacha, agus go bhfuil sé beartaithe go ndéanfaidh an comhlacht bainistíochta é a chothabháil, a fhorghnó agus a mhaoirsiú; b) an samhlaítear nó nach samhlaítear go n-aithneofar go cuí baill foirne a bhfuil tionchar ábhartha acu ar phróifíl riosca na hinstitiúide de réir Airteagal 92(3) agus Airteagal 94(3) CRD; c) an bhforáiltear nó nach bhforáiltear sainriachtanais luach saothair don fhoireann áirithe sin, inter alia (i) cóimheas idir luach saothair inathraithe agus seasta de réir phointe (g) d'Airteagal 94(1) CRD agus (ii) an íocaíocht in ionstraimí, an socruithe iarchuir lena n-áirítear malus agus aisghlámadh de réir phointí (l), (m) agus (n) d'Airteagal 94(1) CRD<sup>53</sup>.

#### 9.4.4 Feidhm chomhlíonta

172. Ba cheart d'údaráis iniúla a fhíorú go bhfuiltear ag súil go ndéanfaidh an fheidhm chomhlíonta riosca comhlíonta a bhainistiú, comhairle a sholáthar don chomhlacht bainistíochta ar bhearta atá le glacadh chun comhlíonadh na ndlíthe, na rialacha, na rialachán agus na gcaighdeán is infheidhme a chinntiú, agus a chur chun feidhme, faoi mhaoirseacht an chomhlacht bainistíochta, beartais agus próisis chun rioscaí comhlíonta a bhainistiú agus chun comhlíonadh a chinntiú. Ba cheart d'údaráis iniúla a fhíorú go bhfuil an fheidhm chomhlíonta leordhóthanach do chineálacha agus dáileadh geografach na ngníomhaíochtaí (e.g. comhlíonadh le dlíthe náisiúnta infheidhme de chuid dlínsí éagsúla i gcás gníomhaíochtaí a dhéantar ar bhonn trasteorann), rioscaí agus castacht i gcomhréir leis an tsamhail ghnó agus an measúnú plean gnó a dhéantar de réir roinn 7 de na Treoirlínte seo.
173. Ba cheart go gcinnteodh an fheidhm chomhlíonta go ndéantar faireachán ar chomhlíonadh trí chlár faireacháin comhlíonta struchtúrtha agus dea-shainithe agus go gcomhlíontar an beartas comhlíonta. Ba cheart a shamhlú freisin go gcomhoibreoidh an fheidhm chomhlíonta agus an RMF agus go ndéantar faisnéis a mhalartú de réir mar is cuí chun a gcúraimí faoi seach a chomhlíonadh.
174. Ba cheart d'údaráis iniúla a sheiceáil freisin go gcuirfeadh de chúram ar an bhfeidhm chomhlíonta a fhíorú, i ndlúthchomhar leis an RMF agus leis an aonad dlí, go gcomhlíonann táirgí nua agus nósanna imeachta nua an creat dlíthiúil reatha agus, nuair is iomchuí, le haon athruithe atá le teacht ar an reachtaíocht, rialacháin agus ceanglais mhaoirseachta.

<sup>52</sup> Curtha isteach de bhun an RTS ar fhaisnéis le haghaidh údaraithe.

<sup>53</sup> Agus aird ar leith á tabhairt ar na maoluithe a thuarar in Airteagal 94 (3) agus (4) CRD.

175. Ba cheart d’údaráis inniúla a fhíorú go samhlaítear go mbunófar feidhm chomhlíonta AML/CTF maidir le comhlíonadh na rialachán sonrach ML/TF agus na mbeartas inmheánach, laistigh den fheidhm chomhlíonta nó ar leithligh ón bhfeidhm sin.

#### 9.4.5 Beartas AML/CFT

176. Ba cheart d’údaráis inniúla a fhíorú go bhfuil an beartas AML/CTF, arna chur isteach ag an institiúid creidmheasa is iarratasóir de bhun Airteagal 5(1), litir c), uimh. (iii) den RTS *ar fhaisnéis le haghaidh údaraithe*, tugtar forbheathnú ar na príomhbheartais agus nósanna imeachta, mar atá leagtha amach in Airteagal 8(3) AMLD, a chuirfear i bhfeidhm chun dul i gcoinne an riosca ML/TF. Chun na críche seo, cuirfidh údaráis inniúla critéir comhréireachta atá leagtha amach i míreanna 17 - 21 san áireamh.

177. Ba cheart d’údaráis inniúla a fhíorú go gcumhdaítear sa bhreac-chuntas na heilimintí go léir a leagtar amach in Airteagal 8(4) AMLD agus dearbhú a dhéanamh ar an gcaoi a gcinnteoidh an institiúid creidmheasa iarrthach go bhféadann sí na rioscaí ML/TF a bhfuil sé nochtta dóibh a mhaolú agus a bhainistiú go héifeachtach ón lá rochtana ar an margadh<sup>54</sup>.

#### 9.4.6 Feidhm Iniúchta Inmheánaigh

178. Ba chóir d’údaráis inniúla, agus na critéir comhréireachta a leagtar amach i míreanna 17 - 21 á gcur san áireamh, ba cheart dóibh an fheidhm iniúchta inmheánaigh neamhspleách agus éifeachtach (‘IAF’) a bhunaigh an institiúid creidmheasa iarrthach a mheas. Ba cheart d’údaráis inniúla dearcadh soiléir a fháil go mbeidh an IAF, ag leanúint cur chuige riosca-bhunaithe, in ann athbhreithniú neamhspleách agus dearbhú oibiachtúil a thabhairt ar chomhlíonadh ghníomhaíochtaí agus aonaid uile na hinstitiúide creidmheasa, lena n-áirítear gníomhaíochtaí seachfhoinsithe, le beartais agus nósanna imeachta na hinstitiúide agus le ceanglais sheachtracha eile (neamh-stuamachta).

179. Chun na críche seo, ba cheart d’údaráis inniúla a mheas cibé an bhfuil a neamhspleáchas eagraíochtúil agus oibiachtúlacht na n-iniúcháirí inmheánacha cosanta ag an IAF trí thuairisciú díreach don chomhlacht bainistíochta agus ag acmhainní leordhóthanacha chun a chúraimí a chomhlíonadh. Chun na críche seo, ba cheart a chinntiú freisin go bhfuil rochtain gan srian ag an IAF ar fud na hinstitiúide ar thaifid, ar dhoiciméid, ar fhaisnéis agus ar fhoirgnimh uile na hinstitiúide chun a fheidhm a chomhlíonadh.

180. Ba cheart d’údaráis inniúla a mheas freisin an gcuirtear an méid seo a leanas ar a laghad de chúram ar an IAF:

---

<sup>54</sup> Foráiltear: ‘Áireofar ar na beartais, na rialuithe agus na nósanna imeachta dá dtagraítear i mír 3:

- (a) beartais, rialuithe agus nósanna imeachta inmheánacha a fhorbairt, lena n-áirítear cleachtais bhainistíochta riosca eiseamláireacha, dícheall cuí custaiméara, tuairisciú, coimeád taifead, rialú inmheánach, bainistíocht comhlíonta lena n-áirítear, nuair is iomchuí maidir le méid agus cineál an ghnó, ceapachán a oifigeach comhlíonta ar leibhéal bainistíochta, agus scagadh fostaithe;
- (b) nuair is iomchuí maidir le méid agus cineál an ghnó, feidhm iniúchta neamhspleách chun na beartais, na rialuithe agus na nósanna imeachta inmheánacha dá dtagraítear i bpointe (a) a thástáil’.

- (a) oiriúnacht an chreata rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear leordhóthanacht an bheartais agus na nósanna imeachta agus comhlíonadh na gceanglas dlíthiúil agus rialála;
- (b) plean iniúchta a fhorbairt uair sa bhliain ar a laghad ar bhonn na gcuspóirí bliantúla um rialú iniúchta inmheánaigh agus a bheidh le ceadú ag an gcomhlacht bainistíochta;
- (c) moltaí a chur isteach bunaithe ar thorthaí a ghníomhaíochtaí.

181. Ba cheart dóibh a fhíorú freisin go bhfuil breac-chuntas na modheolaíochta agus an phlean iniúchta inmheánaigh a chuimsíonn na chéad trí bliana gníomhaíochta, lena n-áirítear iniúchadh ar sheirbhísí seachtracha, comhsheasmhach leis an struchtúr eagrúcháin, na cineálacha gníomhaíochtaí agus an phróifíl riosca a eascraíonn as an bplean gnó a ndearnadh measúnú air de réir roinn 7.

#### **9.4.7 Beartas agus plean athléimneachta oibríochta agus leanúnachais gnó**

182. Ba cheart go gcinnteofaí leis an mbreac-chuntas ar an mbeartas agus an phlean leanúnachais gnó go mbeidh plean fóna bainistíochta leanúnachais gnó ag an iarratasóir chun a chumas oibriú ar bhonn leanúnach a chinntiú agus cailiteanais a theorannú i gcás cur isteach mór ar ghnó. Ba cheart dó a chinntiú go n-áireofar sa bheartas agus sa phlean leanúnachais gnó anailís ar na príomhrioscaí cur isteach gnó agus forbhreathnú ar na bearta maolaithe agus tástáil rialta ar an bplean leanúnachais gnó a chinntiú.

#### **9.4.8 Beartas agus córais TFC**

183. Ba cheart d'údaráis inniúla a mheas an gcuirfidh an beartas TFC córais iontaofa faisnéise agus cumarsáide ar fáil don institiúid creidmheasa agus an mbeidh na córais TFC in ann tacú go hiomlán le cumais chomhiomlánaithe sonraí riosca ag gnáthuaireanta chomh maith le linn uaireanta struis. Go háirithe, ba cheart d'údaráis inniúla a mheas an mbeidh an institiúid creidmheasa ar a laghad ábalta:

- (a) sonraí riosca cruinne agus iontaofa a ghiniúint;
- (b) gach sonraí riosca ábhartha a ghabháil agus a chomhiomlánú ar fud na hinstitiúide;
- (c) sonraí riosca comhiomlána agus cothrom le dáta a ghiniúint ar bhonn tráthúil;
- (d) sonraí riosca comhiomlána a ghiniúint chun freastal ar raon leathan iarratas ar éileamh ón gcomhlacht bainistíochta nó ó na húdaráis inniúla;
- (e) feidhmiú fóna, iontaofa agus slán na gcórais faisnéise agus cumarsáide a thacaíonn le gníomhaíochtaí spriocdhírthe institiúidí a chinntiú.

184. Maidir le TFC agus riosca slándála<sup>55</sup>, ba cheart go mbeadh údaráis inniúla sásta go gcinnteoidh an creat bainistíochta feidhmiú fóna, iontaofa agus slán na gcóras faisnéise agus cumarsáide a thacaíonn le gníomhaíochtaí institiúidí creidmheasa chomh maith le cosc, faireachán agus maolú leordhóthanach ar rioscaí TFC ag gnáthuaireanta agus le linn uaireanta strus. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh, go háirithe:

- (a) cibé an bhfuil freagracht fhoriomlán ag an gcomhlacht bainistíochta as cur chun feidhme straitéis TFC na n-institiúidí airgeadais a leagan síos, a fhaomhadh agus a mhaoirsiú, ar cheart í a ailíniú le straitéis ghnó fhoriomlán na n-institiúidí airgeadais;
- (b) sainmhíniú agus sannadh soiléir na bpríomhról agus na bpríomhfhreagrachtaí, agus na línte tuairiscithe ábhartha, chun go mbeidh an creat TFC agus bainistíochta riosca slándála éifeachtach, lena n-áirítear leithdháileadh buiséid iomchuí chun tacú go leordhóthanach le riachtanais oibríochta TFC agus le bainistíocht riosca TFC agus slándála;
- (c) cibé an gcuirtear bainistíocht agus maoirseacht ar rioscaí TFC agus slándála ar iontaoibh feidhm rialaithe neamhspleách agus oibiachtúil, atá deighilte go cuí ó phróisis oibríochta TFC agus gan a bheith freagrach as aon iniúchadh inmheánach, agus feidhm iniúchta inmheánaigh neamhspleách;
- (d) na socruithe chun a chinntiú go ndéanfar mapáil nuashonraithe ar fheidhmeanna gnó, ról agus próisis tacaíochta a shainiú, a bhunú agus a chothabháil chun tábhacht gach ceann acu agus a n-idirspeáchas i ndáil le TFC agus rioscaí slándála a aithint;
- (e) a mhéid a choinnítear an fhaisnéis ar chórais TFC, cibé an mbeidh nó nach mbeidh na ceanglais maidir le slándáil faisnéise i bhfeidhm;
- (f) scála, castacht agus tábhacht na spleáchas a bhaineann le TFC, má shamhlaítear seachfhoinisí fheidhmeanna oibríochta seirbhísí TFC agus aon gníomhaíocht de chórais TFC - lena n-áirítear eintitis ghrúpa - nó úsáid tríú páirtithe i ndáil le feidhmeanna agus gníomhaíocht den sórt sin.

---

<sup>55</sup> Mar a shainmhínítear i *dTreoirlínte an ÚBE ar bhainistíocht riosca slándála TFC*, ciallaíonn 'TFC agus riosca slándála': 'Riosca caillteanais mar gheall ar shárú rúndachta, teip ionracas na gcóras agus na sonraí, neamhoiriúnacht nó infhaighteacht na gcóras agus na sonraí nó an neamhábalacht teicneolaíocht faisnéise (TF) a athrú laistigh de thréimhse réasúnta agus le costais réasúnta nuair a athraíonn an timpeallacht nó riachtanais ghnó (i.e. lúfaireacht). Áirítear leis seo rioscaí slándála a eascraíonn as próisis inmheánacha neamhleor nó teipthe nó imeachtaí seachtracha lena n-áirítear cibear-ionsaithe nó slándáil fhisiciúil neamhleor'.

## 10. Séalúchais agus baill cháilitheacha

---

185. Chun críocha Airteagal 14(1)<sup>56</sup> CRD, ba cheart d'údaráis inniúla an fhaisnéis a bhaineann le scairshealbhóirí agus baill arna gcur isteach ag an institiúid creidmheasa iarrthach a scrúdú de réir Airteagail 8 agus 9 den RTS ar *fhaisnéis le haghaidh údaraithe*.
186. Chun críocha Airteagal 14(2)<sup>57</sup> CRD, ba cheart d'údaráis inniúla comhlíonadh scairshealbhóirí agus comhaltaí leis na critéir atá leagtha amach in Airteagal 23(1) CRD a mheas mar a shonraítear a thuilleadh in *'Treoirlínte Comhpháirteacha ar mheasúnú stuamachta sealúchais cháilithigh*<sup>58</sup> na ÚMEnna.

---

Is mar seo a leanas atá an fhoráil:<sup>56</sup> '1. Diúltóidh na húdaráis inniúla údarú chun tús a chur le gníomhaíocht institiúide creidmheasa mura gcuireann institiúid creidmheasa ar an eolas iad faoi aitheantas a scairshealbhóirí nó a comhaltaí, cibé acu daoine díreacha nó indíreacha, nádúrtha nó dlíthiúla iad, a bhfuil sealúchais cháilitheacha acu agus méideanna na sealúchais sin nó, i gcás nach bhfuil aon sealúchais cháilitheacha ann, den 20 scairshealbhóir nó ball is mó. [...]'

Is mar seo a leanas atá an fhoráil:<sup>57</sup> Diúltóidh údaráis inniúla údarú chun tús a chur le gníomhaíocht institiúide creidmheasa más rud é, ag cur san áireamh an gá le bainistíocht fhónta stuama institiúide creidmheasa a chinntiú, nach bhfuil siad sásta maidir le hoiriúnacht na scairshealbhóirí nó na gcomhaltaí, de réir na gcritéir a leagtar amach in Airteagal 23(1). Beidh feidhm ag Airteagal 23(2) agus (3) agus Airteagal 24'.

<sup>58</sup> JC/GL/2016/01 an 20 Nollaig 2016, ar fáil ar [https://esas-joint-committee.europa.eu/Publications/Guidelines/JC\\_QH\\_GLs\\_EN.pdf](https://esas-joint-committee.europa.eu/Publications/Guidelines/JC_QH_GLs_EN.pdf)